



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Tuarascáil Bhliantúil 2002



Tuarascáil Bhliantúil 2002

Misean

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta oideachas ar ardchaighdeán a sholáthar a chuirfidh:

- Ar chumas daoine aonair a mbarr maitheasa a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach go hiomlán mar bhaill den tsochaí agus
- Cur le forbairt eacnamaíochta, chultúrtha agus shóisialta na hÉireann.

Spriocanna Ard-Leibhéil

Is iad seo a leanas spriocanna ard-leibhéil na Roinne:

- Cothroime agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn
- Torthaí ardchaighdeán a chur chun cinn
- Foghlaim feadh saoil a chur chun cinn
- Oideachas atá bainteach le riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta a phleanáil
- Cur le cumas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ó thaobh sheachadadh seirbhíse, cheapadh polasaí, taighde agus measúnachta de.

Gníomhaíochtaí

I dtaca lena spriocanna ard-leibhéil tá an Roinn páirteach i réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Pleanáil agus athbhreithniú polasaí
- Dearbhú cáilíochta
- Leithroinnt acmhainní daonna agus airgeadais
- Infrastruchtúr oideachais a phleanáil agus a sholáthar
- Riarachán Scrúduithe
- Feidhmeanna oibríochtúla agus feidhmitheacha ar mhórskála a riar
- Comhchomhairle agus tacaíocht do bhainistíocht agus don fhoireann oideachais



Ábhar

Misean	2	<i>Straitéis : Infheistíocht in infrastructúr oideachasúil</i>	29
Réamhrá ón Aire	4	<i>Straitéis: Soláthar do theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide (ICT) mar thacaí foghlama</i>	31
Ráiteas ón Ard-Rúnaí	5		
Eochairstaitisticí Oideachais	6	<i>Straitéis: Tacaíocht a thabhairt don ógra lasmuigh den oideachas fóirmúil</i>	32
Fócas – Párolla Múinteoirí	9		
Príomhfhorbairtí i 2002	10	<i>Straitéis: Cur le comhoibriú Thuaidh/Theas</i>	31
Cothroime agus Uilechuimsitheacht	10	<i>Straitéis: Creat oibre agus seirbhís caidrimb thionsclaíoch a sholáthar</i>	32
<i>Straitéis: Dea-iboil leanaí óga i leith na foghlama a chobhú</i>	10		
<i>Straitéis: Soláthar do riachtanais speisialta foghlama</i>	11	<i>Straitéis: Comhpháirtíocht agus nua-cbóiriú a chur chun cinn in institiúidí oideachais faoi chúram na Roinne</i>	32
<i>Straitéis: Rochtain agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn ag gach leibhéal oideachais</i>	12	<i>Straitéis: Cur le comhoibriú idirnáisiúnta san oideachas</i>	33
Foghlaim Feadh Saoil	16		
<i>Straitéis: Rochtain agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn ag gach leibhéal oideachais</i>	16	Fócas - Clár Athruithe agus Athchóiriú Struchtúrtha	34
		Forbairtí Eagrúcháin	36
Fócas ar an gCigireacht	19	<i>Straitéisí le cumas agus eagrúchán a bbuanú agus a neartú</i>	36
Torthaí Ardchaighdeán	23	Aguisíní	
<i>Straitéis: Torthaí ardchaighdeán d'fhoghlaimoírí a chur chun cinn</i>	23	Reachtaíocht	39
		Foilseacháin	40
<i>Straitéis: Ardchaighdeán ó thaobh sholáthar agus fheidhmiú oideachasúil a chinntiú agus a chur chun cinn ag gach leibhéal</i>	26	Eagrú Feidhmeanna	42
<i>Straitéis: An Scotb-thaighde a chur chun cinn</i>	28	Na Príomhchomhlachtaí faoi choimirce na Roinne	43
		Teagmhálacha	44

Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do 2002 a fhoilsiú. Tugann an tuarascáil sonraí ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na spriocanna ardchaighdeáin agus na cuspóirí a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise 2001-2004 a bhaint amach.

Is é an phríomhaidhm a bhíonn le hoideachas ná an deis a thabhairt do gach duine a chumas/cumas iomlán féin a bhaint amach mar dhuine aonair agus mar bhall den tsochaí. Tá oideachas fíor-thábhachtach freisin dár bhforbairt eacnamúil agus shóisialta – mar sin tá an infheistíocht a dhéanaimid in oideachas gach duine ceangailte lenár leas féin agus lenár gcomhtháiteacht mar náisiún.

Mairimid i saol a bhíonn de shíor ag athrú agus bíonn sé riachtanach go bhfaighimís greim ar eolas nua agus ar scileanna nua ar bhonn leanúnach. Tá go leor againn ag baint taitnimh cheana féin as na deiseanna chun foghlama. Is é an dúshlán atá romhainn ná na deiseanna sin a leathnú chuig gach duine agus iarracht a dhéanamh teacht roimh aon bhacanna a chuireann cosc ar leanaí agus ar fhoghlaiméirí buntáiste iomlán a bhaint as an gcóras oideachais.

Tugann an tuarascáil sonraí maidir leis na spriocionscainmh atá i bhfeidhm againn le haghaidh a



Noel Dempsey, T.D.
Minister for Education and Science

thabhairt ar mhíbhuntáiste ag gach leibhéal den oideachas. Áirítear orthu sin nuálacht curaclaim, soláthar breis múinteoirí agus saoráidí agus cláir nua. Tá tábhacht mhór le hoideachas agus oiliúint anseo den dara huair agus tá siad sin athraithe go mór le blianta anuas. Táimid, chomh maith, ag forbairt cláir rochtana le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaiméirí ó chúlraí nach raibh acu go traidisiúnta in institiúidí tríú leibhéal. Agus an méid sin ráite tá go leor le déanamh fós sa réimse sin.

De réir mar a léann tú an tuarascáil seo, táim dóchasach go n-aontóidh tú go bhfuil iarracht mhór déanta agus acmhainní go leor curtha ar fáil le freastal a dhéanamh ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Mar sin féin, feicfidh tú chomh maith na dúshláin atá romhainn amach anseo. Tá creat déanta de Ráiteas Straitéise nua a chuideoidh linn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Leis an tacaíocht leanúnach a fhaighimid ónár gcomhpháirtithe san Oideachas agus ón tiomantas agus díograis a fhaighimid ó fhoireann na Roinne táim lámhuiníneach go mbeimid in ann oibriú ar an méid atá bainte amach againn agus oibriú chun deiseanna oideachais inrochtaine agus cuí a chur ar fáil do gach duine.

Nollaig Ó Díomasaigh T.D.,
Aire Oideachais agus Eolaíochta

Ráiteas ón Ard-Rúnaí



John Dennehy
Secretary General

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2002 na Roinne Oideachais & Eolaíochta a chur i láthair.

Is é an aidhm atá leis an tuarascáil seo ná an méid atá bainte amach ag an Roinn i 2002 a chur i láthair, i gcomhthéacs an Ráitis Straitéise 2001-2004. Léiríonn an tuarascáil éagsúlacht ár gcuid oibre agus ár mbonn custaiméirí agus conas a dhéantar dáileadh ar ár n-acmhainní


agus conas a choinnítear cuntas orthu. Chomh maith le seirbhísí oideachais a sheachadadh go héifeachtach, bhí an Roinn páirteach in ollchlár athchóirithe struchtúrtha freisin i 2002 a raibh Coimisiún Scrúduithe an Stáit agus an Chomhairle Oideachais Speisialta mar thoradh air. Cuideoidh an clár athchóirithe struchtúrtha seo linn díriú níos fearr ar ár bpríomhobair, lena n-áirítear polasaithe agus meastóireacht a fhoirmlíú.

Tá sé tábhachtach machnamh ar an méid atá bainte amach le bliain anuas agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don fhoireann go léir as ucht a gcuid crua-oibre agus a dtiomantais.


John Dennehy
Ard-Rúnaí

Eochairstaitisticí Oideachais

An líon mac léinn lánaimseartha in Institiúidí maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta de réir leibhéal.




Rollú lánaimseartha in Institiúidí maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.




Caiteachas ar Oideachas agus ar Ábhar Bainteach i 2002


Oideachas Céad Leibhéal



Oideachas Dara Leibhéal



Oideachas Tríú Leibhéal



Mar a chaitear an t-airgead

Sa bhliain 2002, cuireadh maoiniú de €5.3 billiún ar fáil don earnáil oideachais. Is i gcomhar trí chlár mhóra oideachais atá an maoiniú seo go príomha .i. An Chéad, an Dara agus an Tríú Leibhéal. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do roinnt clár eile atá níos lú agus nach mbaineann le seirbhísí scoile. Is imeachtaí cultúir agus imeachtaí don óige iad seo den chuid is mó.

Seo a leanas achoimre ar na príomhchláir chaiteachais sa bhliain 2002 curtha i gcomparáid le 2001:

An Tríú Leibhéal

	€000s	
	2001	2002 Meastachán
Tuarastail	647	730
Deontais & Seirbhísí	303	321
Tacaíocht do Mhic Léinn	149	174
Caiteachas Caipitil	198	184
Pá Roinne & Forchostais eile	4	4

An Chéad Leibhéal

	€000s	
	2001	2002 Meastachán
Tuarastail & Aoisliúntas	1,232	1,435
Deontais & Seirbhísí	149	153
Iompar Scoile	46	48
Caiteachas Caipitil	169	196
Pá Roinne & Forchostais eile	21	21

An Dara Leibhéal

	€000s	
	2001	2002 Meastachán
Tuarastail & Aoisliúntas	1,315	1,506
Deontais & Seirbhísí	277	299
Iompar Scoile	31	48
Caiteachas Caipitil	188	184
Pá Roinne & Forchostais eile	26	27

Fócas - Párolla na Múinteoirí



Sprioc lárnach de chuid na Roinne is ea tuarastail a íoc le 42,000 múinteoir atá i mbun seirbhíse sna scoileanna den chéad agus den dara leibhéal agus le 5,000 Cúntóir Riachtanas Speisialta. Íocaimid pinsean chomh maith i gcás 13,000 múinteoir atá ar pinsean.

Oibríonn an Roinn an párolla is mó sa tír. Tá an párolla seo coimpléascach de bhrí go n-íoctar cineálacha difriúla liúntas le múinteoirí. Tá an córas casta chomh maith de bhrí gurb iad Boird Bhainistíochta na Scoileanna a fhostaíonn múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus go mbíonn ar na Boird sin na mionsonraí a bhaineann leis an bpárolla a eisiúint.

Staitisticí

Íoctar nócha faoin gcéad de mhúinteoirí seirbhíse agus de Chúntóirí Riachtanas Speisialta tríd an gcóras aistrithe leictreonach ar a dtugtar Paypath. Cé gurb é an figiúr i gcás múinteoirí atá ar pinsean ná seasca faoin gcéad faoi láthair ó thaobh na meicníochta sin, tá an líon daoine atá á úsáid ag dul i méid de bharr go dtuigeann siad an buntáiste a bhaineann leis an gcóras.

Is é an bille iomlán pá do na párollaí i 2003 ná €2.8 billiún. Is é an príomhspríoc atá ag an rannóg párolla ná

réamh-mheastachán cruinn a dhéanamh ar mheastacháin do na blianta amach romhainn agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas.

Is réimse é an párolla a bhíonn de shíor ag athrú. Teastaíonn leasuithe sa chóras párolla de réir mar a dhéantar íocaíochtaí riaráistí tagarmharcála, feidhmiú an *Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001*, feidhmiú roinnt poist, sos tuismitheora, sos cúramóra agus scéimeanna eile. Tá foireann thiomanta TE ag déanamh uasghrádú leanúnach ar an bpárolla leis na saoráidí is nua-aimseartha a chur ar fáil agus é mar mhisean acu seirbhís custaiméirí níos fearr a sholáthar.

Seirbhís Custaiméirí

Mar chuid dá thiomantas maidir le seirbhís custaiméirí, soláthraítear saoráidí asbhainte, chomh maith le asbhaintí reachtúla ar phárolla an mhúinteora. Áirítear ar na saoráidí asbhainte sin asbhaintí ceardchumainn, ranníocaíochtaí deonacha breise agus árachas sláinte.

Athrú agus Forbairtí

Príomh-mholadh de chuid thuarascáil Cromien, a leagann amach clár achóirithe don Roinn, ná roinn párolla singil a bhunú, a bheadh freagrach as íocaíochtaí tuarastal le gach foireann seirbhíse scoile agus foireann atá ar pinsean. Ciallóidh feidhmiú párolla lánpháirtithe go mbeidh seirbhís custaiméirí níos fearr ar fáil. Áirítear ar na forbairtí: -

- Duilín pá athbhreithnithe a fheidhmiú do gach foireann scoile
- Córas éilimh ar-líne a fhorbairt, ag baint úsáide as teicneolaíocht bunaithe ar an ngréasán ó thaobh íocaíochta, i dtús báire, múinteoirí ionadaíochta agus páirtaimseartha sna scoileanna céad agus dara leibhéal
- Íocaíocht choicíse a thabhairt isteach do mhúinteoirí atá ar pinsean
- Saoráid Paypath a fheidhmiú do gach múinteoir ionadaíochta atá fostaithe i scoileanna.

Príomhfhorbairtí i 2002



Cothroime agus Uilechuimsitheacht

Oibríonn an Roinn chun cothroime maidir le rochtain, rannpháirtíocht agus buntáiste do gach duine a chur chun cinn de réir a gcuid riachtanas agus a gcumais. Tá cur chuige na Roinne bunaithe ar contanam soláthair, ó óg go haosta, leis an bhfócas ar straitéisí cosanta agus ar fhreagraí pobail lánpháirtithe. Is é an cuspóir ná a chinntiú go bhfágann gach duine óg an córas oideachais le hoideachas cuí agus le cáilíochtaí bainteacha le tacaíocht a thabhairt dóibh rannpháirtíocht iomlán a bhaint amach san eacnamaíocht, i bhfostaíocht agus sa tsochaí. Tá sé mar aidhm ag an Roinn cothroime ó thaobh rochtana agus rannpháirtíochta a fheabhsú ag gach leibhéal do mhic léinn le riachtanais speisialta. Soláthraítear spriocmhaoiniú agus tacaíochtaí eile leis an leibhéal is fearr ó thaobh lánpháirtíú daltaí le riachtanais speisialta a inspreagadh i ranganna rialta agus i scoileanna, agus aird ar riachtanais agus ar chumais na ndaltaí iad féin. Tá forbairt á déanamh chomh maith ar chláir rochtana, atá á maoiniú ag an Roinn, le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimoírí ó chúlraí nach ndéantar ionadaíocht cheart orthu go traidisiúnta in institiúidí trú leibhéal.

Straitéis: Dea-thoil leanaí óga i leith na foghlama a chothú

Oideachas do Leanaí Óga

Thosaigh an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas Leanaí Óga ar a chuid oibre sa bhliain 2002. Tá freagracht ar an Lárionad as creat oibre d'ardchaighdeán a fhorbairt ó thaobh oideachas do leanaí óga de réir na gcuspóirí atá sa Pháipéar Bán ar Oideachas do Dhaoine Óga *Réidh chun Foghlama*. Tá an Lárionad ag forbairt bealaí cuí luathidirghábhála agus tacaíochta do leanaí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste, agus ar bhonn píolótach, do leanaí a bhfuil míchumas ag baint leo. Tá an Lárionad ag forbairt creat oibre d'ardchaighdeán chomh maith ó thaobh oideachais do leanaí óga agus ag ullmhú na bunoire a bhaineann le Gníomhaireacht Oideachais do Leanaí Óga a bhunú.

Déantar obair an Lárionaid i gcomhchomhairliúchán leis an Roinn agus leis na gníomhaireachtaí bainteacha éagsúla, le comhlachtaí comhairliúcháin agus le soláthróirí.

Soláthar Caiteachais

€3.4 milliún ar feadh 3 bliana

Tús Luath

Tá 1,570 dalta i 40 scoil ag fáil buntáiste ón gclár Tús Luath. Is éard atá i gceist leis an gclár idirghábhála réamhscoile Tús Luath ná clár do leanaí idir 3 agus 4 bliana d'aois, ó limistéir lena mbaineann míbhuntáiste sóisialta. Cuireadh tús leis an gclár le go mbeadh tairgí leanaí óga ar chláir oideachais, a chuirfeadh lena bhforbairt iomlán le nach dteipfeadh orthu ar scoil agus a chuirfeadh in aghaidh an mhíbhuntáiste shóisialta.

Caiteachas i 2002

€1.88 milliún*

* Ní áirítear tuarastail Mhúinteoirí san fhigiúr sin

Straitéis: Soláthar do riachtanais speisialta foghlama

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

I mí Iúil 2001 cheadaigh an Rialtas Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta neamhspleách a bhunú. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an ábhar seo i gceann de na hailt fócais atá againn leis an teideal - Clár Athruithe agus Athchóiriú Struchtúrtha

Mic Léinn le Riachtanais Speisialta

I measc na bhforbairtí atá déanta le blianta anuas tá an feabhas atá tagtha ar sholáthar seirbhísí oideachais do leanaí le riachtanais speisialta, i ngnáthscoileanna agus i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta. Déanann scoileanna iarratas agus faigheann siad acmhainní múinteoireachta breise maidir le daltaí a meastar go bhfuil riachtanais speisialta acu agus a dteastaíonn tacaíocht múinteoireachta breise uathu. Áirítear iad seo a leanas ar an tacaíocht bhreise sin:

Seirbhís na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama

Soláthraíonn an tseirbhís seo cúnaimh do leanaí a mbíonn deacrachtaí foghlama acu, go háirithe i réimse croí-lárnach na litearthachta. Tá rochtain ag gach scoil ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal anois ar mhúinteoireacht tacaíochta foghlama. Tá treoirlínte i bhfeidhm chun cuidiú le scoileanna ó thaobh pleanála agus díriú ar bhuntáiste iomlán a bhaint as an tseirbhís seo.

	Líon Múinteoirí	Costas an Chláir i 2002 (€m)
An Chéad Leibhéal	1,531	54
An Dara Leibhéal	557	22

Seirbhís Acmhainní do Mhúinteoirí

Soláthraítear uaireanta agus poist mhúinteoireachta acmhainní do dhaltaí a meastar orthu go bhfuil riachtanais speisialta acu agus a dteastaíonn tacaíocht múinteoireachta breise uathu.

	Líon Múinteoirí	Costas an Chláir i 2002 (€m)
An Chéad Leibhéal	2,300	92
An Dara Leibhéal	559	22

Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta

Tugann Seirbhís na Múinteoirí Cuairtíochta tacaíocht do dhaltaí a bhfuil fadhbanna amhaire nó éisteachta acu nó Siondróm Down ag dul dóibh, sna córais chéad agus dara leibhéal. Is í an Fhoireann Chigireachta a dhéanann bainistiú ar an tseirbhís faoi láthair agus clúdaíonn gach múinteoir cuairtíochta limistéar geografach den tír.

	Líon Múinteoirí	Costas an Chláir i 2002 (€m)
An Chéad & Dara Leibhéal	40	1.8

Cúntóirí Riachtanais Speisialta

Ceaptar Cúntóirí Riachtanais Speisialta (SNAanna) go sonrach le cúnaimh a thabhairt le cúram a dhéanamh de dhaltaí a bhfuil míchumas ag dul dóibh agus cuireann siad cúnaimh ginearálta ar fáil do na múinteoirí ranga. Is féidir leathdháileadh maidir le tacaíocht SNA a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha (e.g uair nó níos mó sa ló) agus is féidir é a dhéanamh ar bhonn roinnte.

	Líon SNAanna	Costas an Chláir i 2002 (€m)
An Chéad Leibhéal	3,800 (lánaimseartha)	100
An Dara Leibhéal	1,000 (páirtaimseartha)	4.7

Soláthar Oideachasúil do Leanáí le hUathachas

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do roinnt tionscadal pólótach, atá ag seachadadh samhail fhreagartha thiomanta d'Anailís Iompair Fheidhmithe (ABA) do leanaí le huathachas. Tá 121 rang speisialta ann do leanaí le neamhord i speictream uathachais – 64 ranga i mbunscoileanna agus 57 rang i scoileanna speisialta.

Soláthar Oideachasúil do Leanáí le Disléicse

Déantar freastal ar leanáí le disléicse go ginearálta, ar bhonn lánpháirtithe, i mbunscoileanna áit ar féidir leo tacaíocht a fháil ó sheirbhís na múinteoirí tacaíochta

foghlama nó ó sheirbhís acmhainní do mhúinteoirí. Sa chás go bhfuil an scéal níos tromchúisí, is féidir soláthar a dhéanamh i gceann de na 4 scoil speisialta nó 23 rang speisialta atá nasctha le bunscoileanna.



Tá na moltaí seo a leanas curtha i bhfeidhm ó fhoilsiú tuarascáil an Tascfhórsa ar Disléicse a foilsíodh i 2002:

- Cúrsa oiliúna ar-líne a sholáthar do mhúinteoirí a dhéanann freastal ar dháltaí le disléicse
- 10 dTraenálaí Tacaíochta Foghlama nua a cheapadh ar an gClár Tacaíochta Curaclaim Bunscoile
- An cóimheas múinteoirí is daltaí a bhaineann le ranganna speisialta a dhéanann freastal ar leanaí le disléicse a laghdú ó 11:1 go 9:1.

Straitéis: Rochtain agus Uilechuimsitheacht a chur chun cinn ag gach leibhéal oideachais

Scoileanna Speisialta do Chiontóirí Óga

Tá cúig scoil speisialta ann do chiontóirí óga atá faoi chúram na Roinne. Tabharfar *Scoileanna Coinneála Leanáí* ar na scoileanna sin nuair a thiocfaidh *Acht na Leanáí 2001* i bhfeidhm. Cuireann na scoileanna cúram cónaitheach, cúram oideachais agus cúram athshlánaithe ar fáil do

dhaoine óga a bhíonn os comhair na gCúirteanna. Oibríonn na scoileanna sin i gcomhair leis na *Critéir agus Caighdeán do Scoileanna Coinneála Leanáí* a forbraíodh agus a foilsíodh i 2002.

Seirbhísí Síceolaíochta do Scoileanna

Soláthraíonn an tSeirbhís Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta seirbhís síceolaíochta oideachais do scoileanna.

Tá síceolaithe NEPS lonnaithe ar fud na tíre i ndeich réigiún le héascaíocht a dhéanamh do chomhoibriú leis na seirbhísí síceolaíochta a chuireann Boird Sláinte agus Cuideachtaí Deonacha ar fáil. Go dtí go leathnaítear NEPS chuig gach scoil, tá maoiniú curtha ar fáil le coimisiúnú a cheadú ar mheasúnú síceolaíochta a fháil ó dhochtúirí príobháideacha.

Míbhuntáiste Oideachasúil

Bunaíodh an Coiste Míbhuntáiste Oideachasúil i 2002, faoin *Acht Oideachais, 1998* le comhairle a thabhairt don Aire maidir le polasaithe agus straitéisí le míbhuntáiste oideachasúil a aithint agus a chur ina cheart.

Is coiste reachtúil é an Coiste Míbhuntáiste Oideachasúil le comhaltaí ó chomhlachtaí deonacha agus ó chomhlachtaí eile a bhfuil léargas áirithe agus taithí acu sa réimse a bhaineann le dul i ngleic le míbhuntáiste.

Tá Fóram níos mó ann maidir le Míbhuntáiste Oideachasúil, a bhuail le chéile den chéad uair i mí na Samhna 2002 agus ar ar fhreastail 240 toscaire, ag déanamh ionadaíochta ar réimse leathan comhpháirtithe oideachais, chomh maith le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí a bhíonn gníomhach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialta. Foilsíodh tuarascáil ar nósanna imeachta an Fhóraithe go luath i 2003 a thabharfaidh guth d'obair Choiste Míbhuntáiste Oideachasúil.

Ag Tabhairt Cothroime do Leanáí trí aghaidh a thabhairt ar Míbhuntáiste

Is é an cuspóir atá leis an gClár ag Tabhairt Cothroime do Leanáí ná aghaidh a thabhairt ar míbhuntáiste oideachasúil i mbunscoileanna ar leith. Is éard atá i gceist leis an gclár ná os cionn 200 múinteoir breise a cheapadh agus maoiniú

breise de thart ar €33 milliún a chur ar fáil, a bheidh le caitheamh sa tréimhse trí bliana ó 2001-2003. Aithníodh na scoileanna sa chlár i suirbhé, a rinne an Lárionad Taighde Oideachais, a bhí ar an suirbhé is cuimsí riamh ar chomh minic is a tharlaíonn míbhuntáiste oideachasúil i mbunscoileanna. Tá tacaíocht do scoileanna aonair bunaithe ar an mbéim a leagtar ar dhaltaí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste go socheacnamaíoch.

Líon Scoileanna	2350
Caiteachas i 2002	€5.02 million

*Ní áirítear tuarastail Múinteoirí san fhigiúr sin

Scéim Idirchaidrimh Baile / Scoile (HSCL)

Is straitéis choisctheach í an scéim Idirchaidrimh Baile / Scoile seo do scoileanna ainmnithe atá faoi mhíbhuntáiste atá bunaithe ar chomhpháirtíocht agus comhoibriú a chothú idir tuismitheoirí, múinteoirí agus pobail ar mhaithe le leas oideachasúil na leanaí. Tá an scéim bunaithe ag an leibhéal scoile áitiúil agus comhordaitheoir lánaimseartha ag freastal ar riachtanais idirchaidrimh scoil amháin nó roinnt scoileanna i gceantar amháin nó in dhá cheantar. Tugann ‘grúpaí teaghlach’ comhordaitheoirí i gceantair sa chéad nó dara leibhéal tacaíocht do na teaghlacha a bhfuil clann acu ag dul ó bhlianta réamhscoile go dtí leibhéal na hArdteistiméireachta.

Tá 278 bunscoil agus 188 scoil dara leibhéal páirteach sa scéim faoi láthair.

An Clár Críochnaithe Scoile (SCP)

Is cuid thábhachtach de straitéis na Roinne é an clár seo chun idirdhealú dearfach a dhéanamh ar mhaithe le leanaí agus daoine óga atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath. Is é an aidhm atá leis an gClár Críochnaithe Scoile ná straitéisí áitiúla a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh na leibhéil rannpháirtíochta is mó is féidir sa phróiseas oideachais. Tá an Clár comhdhéanta de na gnéithe cleachtas is fearr a bhunaigh na céimeanna píolóiteach den Tionsamh do Dhaltaí 8-15 Bliain d’aois a Fhágann Scoil go Luath (ESL) agus An Tionscnamh Coimeádta Fan-ar-Scoil ag an dara leibhéal (SSRI). Faigheann sé maoiniú ar bhonn ilbhliantúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le cúnamh ó Chiste Sóisialta an Aontais Eorpaigh.



Roghnaíodh na scoileanna inghlactha bunaithe ar a gcuid rátaí coimeádaithe ag baint úsáide as mionsonraí ó bhunachar sonraí Dhaltaí Iar-Bhunscoile na Roinne.

	Líon Scoileanna rannpháirteach in SCP	Caiteachas i 2002 (€m)
An Chéad Leibhéal	288	14.2
An Dara Leibhéal	112	

An Bord Leasa Oideachasúil Náisiúnta

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a bhunaigh an tAire i 2002, faoin *Acht Oideachais (Leasú) 2000*. Soláthraíonn an tAcht creat oibre le tinreamh scoile rialta a chur chun cinn agus le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le asláithreachas agus luathfhágáil scoile.

Tá freagracht ar an mBord a chinntiú go ndéanann gach leanbh idir 6-16 bliain d’aois freastal ar scoil aitheanta nó go bhfaighidh siad íosoideachas cuí. Bíonn ar an mBord comhairle a chur ar thuismitheoirí agus cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí a mbíonn fadhbanna acu lena chinntiú go mbíonn a gcuid leanaí ag freastal ar an scoil ar bhonn rialta. Iarrtar chomh maith cúnamh a thabhairt do scoileanna freastal ar a gcuid dualgas faoin Acht. Tá freagracht ar an mBord chomh maith maidir le leanaí a gcuirtear oideachas orthu lasmuigh de scoil aitheanta agus maidir le leanaí a fhágann an scoil le dul ag obair.

Cheap an bord Príomh-Oifigeach Feidhmithe eatramhach i 2002. Chomh maith leis sin aistríodh 37 iar-oifigeach tinrimh, a bhí fostaithe ag Údarás Áitiúla faoin reachtaíocht roimhe sin, chuig an mBord.

Achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998

Tugann Alt 29 den *Acht Oideachais, 1998*, an cead do thuismitheoirí (agus do mhic léinn atá 18 bliain d'aois) achomharc a dhéanamh maidir le cinnidh áirithe a dhéanann Bord Bainistíochta na scoile.

D'fhéadfaí achomharc a dhéanamh maidir le cinneadh:

- mac léinn a chur as scoil go buan
- mac léinn a chur ar fionraí as scoil ar feadh tréimhse a thabharfadh an tréimhse charnach fionraíochta chuig 20 lá scoile in aon bhliain scoile amháin, nó
- mac léinn a dhiúltú a rollú sa scoil.

Achomhairc faoi Alt 29 i 2002- An Chéad agus Dara Leibhéal

	An Chéad Leibhéal	An Dara Leibhéal
An Líon Achomharc a fuarthas	15	59
Tarraingte Siar	3	10
Socraithe ag an Leibhéal Áitiúil	2	0
Socraithe ag Éascú	3	22
Glactha ag Éascú	3	18
Neamhghlactha ag Éascú	4	9

Youthreach

Is cuid de chlár náisiúnta é Youthreach leis an dara deis a fháil ar oideachas agus ar oiliúint in Éirinn. Díríonn an clár ar dhaoine idir 15-18 bliain d'aois a mbíonn an scoil fágtha acu gan aon cháilíochtaí a bhaint amach. I roinnt cásanna, is féidir le daoine óga lasmuigh den aoisghrúpa seo freastal ar an gclár. Is féidir le rannpháirtithe teastas a bhaint amach trí FETAC (Bunleibhéal agus Leibhéal 1), tríd an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, agus trí ábhair sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht.

Soláthraíonn gach ionad de chuid Youthreach clár choisc mhí-úsáid substaintí agus, i gcomhair le gníomhaireachtaí Stát eile, cuireann clár feasachta coiriúlachta "Copping On" ar fáil.

An Líon Ionad Youthreach	77
An Líon Ionad Oiliúna Sinsearach don Lucht Siúil	30
An Líon Rannpháirtithe	7162
Caiteachas i 2002	€34.15milliún

Déanann an Roinn maoiniú ar Youthreach le cúnamh ó Chiste Sóisialta an Aontais Eorpaigh mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Oideachas don Lucht Siúil

Is eochairpholasaithe de chuid na Roinne iad lánpháirtíocht, cur chuige idirchultúrtha agus socrúcháin a bhíonn cuí ó thaobh aoise. Tá raon forálacha curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus é mar chuspóir leo cur le rannpháirtíocht leanaí de chuid an Lucht Siúil sa phróiseas oideachais.

Áirítear orthu sin breis maoinithe agus acmhainní breise múinteoireachta.

Leathdháileadh Acmhainne (Meán Fómhair 2002)	Líon	Líon Daltaí	Deontais de réir an dalta
Scoileanna An Chéad Leibhéal	458	5500	€266 (faoi 12) €472.50 (os cionn 12)
Scoileanna Dara Leibhéal atá ag fáil uaireanta breise múinteoireachta	124	1400	€472.50
Réamhscoileanna de chuid an Lucht Siúil	52	530	
Scoileanna Speisialta don Lucht Siúil	3	164	
Ionaid Oiliúna Sóisearacha don Lucht Siúil	3	100	
Ionaid Oiliúna Sinsearach don Lucht Siúil	28	1000	
Youthreach		220	

Soláthar Oideachasúil in Éirinn do Dhaoine nach Náisiúnaigh iad

Is sochaí ileitneach í Éire sa lá atá inniu ann. Tá impleachtaí aige seo do sholáthar oideachais.

Tá roinnt tionscnamh ann a bhaineann leis an éagsúlacht eitneach atá ag dul i méid in Éirinn. Áirítear orthu sin:

- Múinteoireacht bhreise agus acmhainní neamhíoca ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal le freastal a dhéanamh ar na riachtanais a bhíonn ag daltaí nach é an Béarla a gcéad theanga
- Ranganna teagaisc teanga do theifigh trí Aonad Oiliúna Teanga Lánpháirtithe na hÉireann.

- Maoiniú i gcás riachtanais teanga agus litearthachta daoine fásta
- Leabhrán eolais do scoileanna faoi dhaoine a bhíonn ar thóir tearmainn
- Eolas ar rannpháirtíocht i mbreisoideachais do dhaoine nach náisiúnaigh de chuid an AE iad

Scéimeanna Tacaíochta do Mhic Léinn ó thaobh Breisoideachais agus Ardoideachais

Tá freagracht ar an Roinn as thástáil réimse scéimeanna tacaíochta do mhic léinn a bhainistiú, scéimeanna a chuireann cúnadh airgeadais bunaithe ar thástáil acmhainní ar fáil do mhic léinn breisoideachais agus ardoideachais. Tá ceithre scéim deontas cothabhála ann.

Caiteachas faoina Ceithre Scéim Deontas Cothabhála – 2002

Scéim	Líon Sealbhóirí Deontas ¹	Caiteachas i 2002 €m
Deontais ArdOideachais	23,340	67.6
Scoláireachtaí VEC	5,780	16.9
Deontais Chothabhála Oiliúnaithe Tríú Leibhéal	13,870	35.5
Deontais Iar-Ardeistiméireachta	6,000	12
IOMLÁN	48,990	132

Soláthar Táillí Teagaisc Saor in Aisce i gcás Breisoideachais agus Ardoideachais

Faoin bhforáil seo, íocann an Roinn táillí teagaisc mic léinn incháilithe a bhíonn ag freastal ar chúrsa fochéimithe lánaimseartha atá ceadaithe. Ba é an costas i 2002 ná €240 milliún.

Rochtain ar Ardoideachas

Tá freagracht ar an Roinn rochtain agus deiseanna rannpháirtíochta a chur chun cinn do gach mac léinn, beag beann ar aois, míchumas nó cúlra sóisialta. Tá soláthar sa Phlean Forbartha Náisiúnta do Chiste Rochtana Tríú Leibhéal ina bhfuil €120 milliún ar an iomlán, thar an tréimhse 2000-2006. Is é an aidhm atá leis seo ná aghaidh

a thabhairt ar an easpa ionadaíochta ó thrí spriocghrúpa:-

- Mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste
- Mic léinn lánfhásta
- Mic léinn a bhfuil míchumas ag dul dóibh

Beartais Rochtana

Rátaí Speisialta den Deontas Cothabhála, Páirtmhaoinithe ag an ESF

I ndiaidh athbhreithnithe ar an gcaoi ar oibrigh na rátaí speisialta deontais ("Top-Up"), ardaíodh an tairseach ioncain bhliantúil i gcás na rátaí speisialta de 32%. Ardaíodh an deontas go €4,000 i gcás mic léinn atá ina gcónaí níos faide ná 15 míle ó choláiste agus €1,600 do mhic léinn atá ina gcónaí laistigh de 15 míle ón gcoláiste. B'ionann é sin agus "top-up" de €1,490 agus €596 san ord sin, do mhic léinn incháilithe, a bhí ag fáil gnáthdeontas cothabhála. D'ardaigh an líon mac léinn a bhí incháilithe don deontas "top-up" ó 3,000 sa bhliain acadúil 2001/02 go dtí thart ar 7,500 sa bhliain acadúil 2002/03.

Ciste Comhpháirtíochta Mílaoise Míbhuntáiste, Páirtmhaoinithe ag an ESF

Ardaíodh an Ciste Comhpháirtíochta Mílaoise Míbhuntáiste ó €1.27 milliún go dtí €2 milliún. Is iad Area Development Management Ltd (ADM) a riarann an Ciste.

Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, páirtmhaoinithe ag an ESF

Soláthraíonn an Ciste cúnadh airgeadais do mhic léinn atá faoi mhíbhuntáiste agus a dteastaíonn tuilleadh tacaíochta uathu le cur ar a gcumas buntáiste iomlán a bhaint as a gcúrsa staidéir tríú leibhéal. Is iad na hinstiúidí tríú leibhéal a riarann an Ciste. D'ardaigh an soláthar don Chiste seo ó €7.49 milliún i 2001 go dtí €8.94 milliún i 2002.

Ciste do Mhic Léinn a bhfuil Míchumas ag dul dóibh, páirtmhaoinithe ag an ESF

Leathdháileann an Roinn maoiniú don chostas a bhaineann le seirbhísí agus trealamh a cheannach do mhic léinn a bhfuil míchumas ag dul dóibh agus iad ag freastal ar chúrsaí in instiúidí tríú leibhéal. D'ardaigh an líon iarratas ceadaithe ó 809 i 2001 go dtí os cionn 1,050 i 2002. D'ardaigh caiteachas faoin gCiste ó €2.6 milliún i 2001 go dtí €3.7 milliún i 2002.

¹ Is don bhliain acadúil 2001/02 na huimhreacha seo. Níl na figiúirí iomlána don bhliain acadúil 2002/03 ar fáil go fóill.

Foghlaim Feadh Saoil



Leagtar creat oibre amach sa *Pháipéar Bán ar Oideachas do Dhaoine Fásta Foghlaim Feadb Saoil* chun oideachas do dhaoine fásta a fhorbairt agus foghlaim feadh saoil a chur chun cinn. Áirítear sna moltaí, straitéis náisiúnta litearthachta do dhaoine fásta a chur i bhfeidhm, roghanna páirteimseartha san ardoideachas a fhorleathnú trí Thionscnamh Ar Ais san Oideachas agus cur le seirbhís tacaíochta ar nós seirbhís threorach, seirbhís comhairliúcháin agus seirbhís cúraim leanaí. Tá tacaíocht airgid ag roinnt de na cláir sin agus faigheann siad maoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa, mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Straitéis: Rochtain agus Uilechuimsitheacht a chur chun cinn ag gach leibhéal oideachais.

Beart Luathlitearthachta

Is cur chuige forghníomhach é an Beart Luathlitearthachta chun cosc a chur ar dheacrachtaí litearthachta. Ba é an buiséad a bhí ann do 2002 ná €2.26 milliún agus áirítear na bearta seo a leanas ann:

- An clár oiliúna do mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama agus do mhúinteoirí Acmhainní
- Leathnú ar an Scéim Fhíolótach Athslánaithe Léitheoireachta
- Tionscadal na gCampáí Samhraidh
- Tacaíocht don Straitéis Litearthachta i gClár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh (JCSP). Tá an Tionscadal Taispeántais Náisiúnta do sholáthar leabharlann do scoileanna JCSP san áireamh ansin.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (VTOS)

Is clár oiliúna agus oideachais é an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (VTOS) a thugann an dara seans do dhaoine atá dífhostaithe agus a sholáthraíonn cúrsaí suas go dtí dhá bhliain ar fhad dóibh. Tá ag éirí go maith leis an scéim seo a osclaíonn suas deiseanna foghlama agus deiseanna dul chun cinn do dhaoine a bhíonn imeallaithe de bharr go mbíonn siad dífhostaithe. Is féidir le hoiliúnaithe a bhíonn ar VTOS ábhair a thógáil sa chlár Teastais Shóisearaigh nó sa chlár Ardteistiméireachta nó i modúil nó dámhachtainí a dhéanann Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna teastasú orthu ag Bonnleibhéal, Leibhéal 1, Leibhéal 2 nó Leibhéal 3.

Feidhmítear scéim VTOS trí 33 Coiste Gairmoideachais, agus tá 127 ionad éagsúl ar fud na tíre.

Líon na Rannpháirtithe	Costas an Chláir i 2002 €m
5,000	48.5

Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC)

Is cúrsaí lánaimseartha iad na Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, a mhaireann ar feadh bliain amháin nó dhá bhliain, a sholáthraíonn oideachas ginearálta

lanpháirtithe, gairmoiliúint agus taithí oibre dóibh sin a dteastaíonn breis oiliúna uathu chun cur lena ndeiseanna chun fostaíocht a fháil.

Bíonn oideachas ginearálta, TEC agus clár taithí oibre chomh maith le roghanna gairmoideachas ar fáil i ngach clár. San iomlán, tá níos mó agus níos mó mac léinn aibí ag dul isteach sa chlár agus tá os cionn 40% den líon daoine atá rolaíthe anois os cionn 21. Is iad FETAC Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 a dhéanann teastasú air agus cuidíonn coláistí leis sin trí theastasú ó chomhlachtaí príobháideacha/gairmiúla i ndisciplíní áirithe.

An Líon i 2002

Scoileanna 215

Mic Léinn 28,656

Litearthacht do Dhaoine Fásta

Is iad na Coistí Gairmoideachas a sholáthraíonn seirbhísí litearthachta do dhaoine fásta agus faigheann siad maoiniú ó Bhuiséad na Roinne um Litearthacht do Dhaoine Fásta agus Oideachas Pobail.

I 2002, coimisiúnaíodh sraith eile den chlár Teilifíse litearthachta agus feasachta do dhaoine fásta agus craoladh é ar RTÉ. Ina theannta sin táthar tar éis tabhairt faoi chreat oibre ardchaighdeán, cláir dheimhnithe forbartha foirne agus taighde ar mheasúnú agus ar chomhoibriú idirnáisiúnta. Leathnaíodh cláir eile ar nós na cláir fhoghlama do theaghlaigh, cláir theanga agus litearthachta do dhaoine nach náisiúnaigh iad, cláir do dhaoine le riachtanais speisialta agus don Lucht Síúil. Tá FÁS agus na Coistí Gairmoideachas i mbun cláir le chéile Ar Ais ag Foghlaim, ina mbíonn taithí oibre laistigh den Scéim Fostaíochta Pobail agus ranganna teagaisc litearthachta i gcomhar le chéile agus tá sé sin á leathnú go náisiúnta freisin.

Rinneadh píolótú ar éirigh leis ar chlár litearthachta san ionad oibre agus táthar á leathnú chuig gach limistéar údarás áitiúil, i gcomhair le LANPAG (An Bord Náisiúnta Comhpháirtíochta um Údarás Áitiúil. (the Local Authority National Partnership Board).

Líon iomlán i 2002

Ionaid: 746
Foghlaimoirí 28,363

Costas an Chláir i 2002

€16.4m

Treoir do Dhaoine Fásta

Tá seirbhís threorach oideachasúil do dhaoine fásta forbartha chun freastal ar riachtanais fhoghlaimoirí i gcláir oideachais litearthachta, VTOS agus i gcláir oideachais pobail agus do dhaoine fásta. Is é an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas a mhaoirsionn an tionscnamh seo. Bhain breis agus 7,000 duine leas as an tseirbhís sin i 2002. Chosain an clár €2.6 milliún.



Tionscnamh Ar Ais san Oideachas

Soláthraíonn an Tionscnamh Ar Ais san Oideachas deiseanna do dhaoine óga agus do dhaoine fásta chun filleadh ar an oideachas. De bharr go bhfuil béim ar sholáthar páirtaimseartha, tugann sé deis filleadh ar oideachas agus ar oiliúint chomh maith le freagrachtaí teaghlaigh, oibre agus freagrachtaí eile a chomhlíonadh ag an am céanna. Tá an tosaíocht tugtha do dhaoine fásta nach bhfuil na blianta uile caite acu in oideachas dara leibhéal. Tá tionscnamh scileanna TEC mar chuid den chlár. Baineann scéim teagaisc saor in aisce agus táillí laghdaithe leis.

Rannpháirtithe - 6,000 Caiteachas 2002 - €3.8 million

An Tionscnamh Comhionannais san Oideachas

Tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh Comhionannais san Oideachas, a thugann maoiniú do 18 tionscadal, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i soláthar oideachais agus oiliúna do ghrúpaí imeallaithe sainiúla. Áirítear sna spriocghrúpaí sin, daoine a d'fhág an scoil go luath, tuismitheoirí aonair, Daoine den Lucht Siúil, fir agus mná a mhothaíonn go bhfuil siad leo féin faoin tuath nó i gceantair uirbeach, daoine fásta le riachtanais speisialta, le deacrachtaí litearthachta nó le fadhbanna de bharr mhí-úsáid drugaí, agus mná a bhíonn ag fulaingt ó fhoréigean sa bhaile.

Tacaíonn na tionscadal sin le forbairt múnlaí deachleachtais, a thugann aghaidh ar bhearnaí i soláthar do dhaoine fásta a bhíonn faoi bhuntáiste ó thaobh oideachais de. Tá Céim 1 ag teacht chun deiridh agus tá tuarascáil meastóireachta á choimisiúnú.

Líon iomlán i 2002

Tionscadail	18
Rannpháirtithe	355

Caiteachas i 2002

€700,000

Éascaitheoirí Oideachais Pobail

Ceapadh 34 Éascaitheoir Oideachais Pobail chuig na Coistí Gairmoideachas i 2002 chun líonraí a fhorbairt agus idirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí oideachais pobail. Is é an ról atá acu ná cuidiú le grúpaí a bhíonn ag soláthar oideachais do dhaoine fásta agus iad a chur chun cinn. Forbraíonn siad comhpháirtíochtaí freisin idir leasanna reachtúla agus leasanna deonacha, go háirithe ag tabhairt aghaidh ar riachtanais na ndaoine sin is mó a bhíonn imeallaithe.

Comhairle Náisiúnta Foghlama d'Aosaithe

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Foghlama d'Aosaithe i Márta 2002. Beidh príomhról aici ag tabhairt comhairle faoi fhorbairtí oideachas do dhaoine fásta sa todhchaí, ag comhordú agus ag déanamh idirchaidrimh, ag dul i mbun taighde agus forbairt foirne. Bunófar grúpa comhairleach chun daoine a bhíonn faoi mhíchumas foghlama agus faoi mhíchumas fisiciúil a thabhairt isteach in oideachas do dhaoine fásta.



Fócas ar an gCigireacht



Ról na Cigireachta

Is é an ról atá ag an gcigireacht ná meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras oideachais (go háirithe ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal), comhairle a sholáthar dóibh sin a bhíonn páirteach sa chóras oideachais agus cur le forbairt polasaí. Tugadh bonn reachtaíochta don ról sin nuair a hachtaíodh Acht Oideachais 1998. Bíonn comhoibriú suntasach i gceist idir obair na Cigireachta agus rannáin eile sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Dearbhú Cáilíochta sa chóras oideachais

Ní féidir ardchaighdeán i scoileanna a bhaint amach le haon bheart amháin. Baintear amach é nuair a bhíonn raon bearta ag obair le chéile chun foghlaim agus múinteoireacht a fheabhsú, agus nuair a bhíonn gach duine a bhíonn páirteach sa chóras oideachais dírithe ar fheabhas. Le linn 2002, lean an Chigireacht ag cur go díreach leis an bpróiseas sin trí mheastóireacht a dhéanamh ar scoileanna. D'oibrigh sí freisin chun tacú le raon gníomhaíochtaí eile a chuireann le foghlaim agus múinteoireacht a fheabhsú. Le chéile, soláthraíonn na

gníomhaíochtaí sin go léir dearbhú cáilíochta leanúnach don chóras oideachais.

Meastóireachtaí i scoileanna

Tá meastóireacht sheachtrach na Cigireachta ar obair na scoileanna agus na múinteoirí leagtha amach chun dea-chleachtais i scoileanna a chinntiú, chun feabhas leanúnach agus féin-athbhreithniú a chur chun cinn laistigh de scoileanna agus chun eolas ar fud an chórais maidir le feidhmiú na scoileanna a sholáthar. Is féidir le meastóireachtaí náisiúnta, a thógtar ar uaire i gcomhar le tíortha eile sonraí luachmhara a sholáthar agus cuidiú le forbairt polasaí.

Meastóireachtaí i mbunscoileanna

Comhlánaíodh tuairiscí bunscoile in os cionn 470 scoil i 2002. Díríonn na tuairiscí sin ar obair na scoileanna ina n-íomlán. D'ullmhaigh agus phléigh cigirí dréacht-tuarascálacha le foirne na scoileanna a bhí páirteach sular eisíodh na tuarascálacha críochnaithe sin chuig an bpríomhoide agus an Bord Bainistíochta.

Ullmhaíodh agus foilsíodh anailís ar shampla ionadaíoch de na tuarascálacha sin mar chuid den Fifty School Reports – What Inspectors Say i Nollaig 2002. Sholáthair an tuarascáil sin sintéis de thorthaí ó chigirí ar fud na tíre. Rinneadh cur síos ar threochtaí náisiúnta iomlána agus aithníodh láidreachtaí chomh maith le háiteanna a raibh gá le breis forbartha iontu i mbunscoileanna.

Rinneadh cigireacht ar obair bhreis agus 1500 múinteoir nuacháilithe freisin agus cuireadh sa tuarascáil í mar chuid den phróiseas cláraithe agus promhaidh do na múinteoirí sin. Ina theannta sin, rinneadh cigireacht ar obair 17 múinteoir bunoidreachais a bhí ag fónamh i Scoileanna Eorpacha i roinnt ballstát den AE.

Comhlánaíodh roinnt meastóireachtaí téamúla le linn na bliana, ag ionchorprú cuairteanna agus breathnuithe scoile. Rinneadh measúnacht ar obair 18 rang a bhí ag freastal ar leanaí a raibh Neamhord Urlabhra agus Teanga Sainiúla ag

baint leo. Eisíodh tuarascálacha ar na ranganna sin chuig na scoileanna bainteacha agus tosaíodh obair ar thuarascáil mheastóireachta náisiúnta bunaithe ar na sonraí a bailíodh. Tosaíodh obair ar mheasúnacht den sórt céanna maidir le soláthar do leanaí ar a bhfuil Uathachas ag dul dóibh agus comhlánaíodh é le linn 2003. Comhlánaíodh measúnacht freisin agus rinneadh cur síos ar sa *Tuarascáil ar Leitbroinnt Acmbainní Bhreise do Leanáí a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu i roinnt Bunscoileanna Príomhsbrutha*.

Tábla Achoimre – Cigireachtaí i mBunscoileanna 2002

Cineálacha cigireachta	Líon
Tuairiscí scoile	474 (scoil)
Múinteoirí a promhaidh	1500+ (múinteoir)
Ranganna do leanáí a raibh Neamhord Urlabhra agus Teanga Sainiúla ag baint leo	18 (rang)
Sainsholáthar Uathachais	3 (aonad)
Múinteoirí Bunoideachais i Scoileanna san Eoraip	17 (múinteoir)

Meastóireachtaí i scoileanna dara leibhéal

Faoi láthair, is í an phríomhfhoirm cigireachta i scoileanna dara leibhéal ná cigireacht ar ábhair nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh ar réimsí ábhar aonair a mhúineadh. Tháinig ardú suntasach ar raon agus ar líon na scoileanna a ndearnadh cigireacht ar ábhar iontu i 2002. Rinneadh cigireachtaí i 330 scoil dara leibhéal, tógtha ó na hearnálacha oideachais deonacha dara leibhéal, pobail/cuimsitheach agus gairmoideachais.

Comhlánaíodh raon cigireachtaí eile freisin, lena n-áirítear cigireacht ar sholáthar maidir leis an Idirbhliain, An ArdTeistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchláir Ardteistiméireachta agus cigireacht ar roinnt Ionad Oideachais Sóisearach agus Ionad Oideachais Sinsearach an Lucht Siúil. Rinneadh meastóireacht ar sholáthar treoiroideachais in os cionn 60 scoil agus rinneadh

cigireacht freisin ar obair 22 múinteoir dara leibhéal de chuid na hÉireann a bhí ag fónamh i Scoileanna Eorpacha i roinnt ballstát den AE.

Comhlánaíodh cuairteanna agus breathnuithe scoile maidir le meastóireacht téamúla den Chlár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh – clár speisialta atá deartha chun mic léinn nach n-éiríonn chomh maith sin leo a mhealladh chun fanacht go dtí go mbíonn an teastas sóisearach déanta acu ag an dara leibhéal. Ullmhaíodh agus pléadh dréacht-thuarascálacha do na scoileanna aonair a bhí bainteach le foirne na scoileanna éagsúla sin. Scaipfear ceachtanna ón bpróiseas meastóireachta sin nuair a bheidh an tuarascáil meastóireachta náisiúnta comhlánaithe.

Rinne cigirí bunoideachais agus iarbhunoideachais monatóireacht freisin ar éifeachtacht na gcúrsaí samhraidh Gaeilge i gcoláistí Gaeltacha trí chuairt a thabhairt ar dhá thrian de na cúrsaí atá ar siúl agus tuarascáil a dhéanamh ina dtaobh.

Tábla Achoimre – Cigireachtaí i Scoileanna Dara Leibhéal 2002

Cineálacha cigireachta scoileanna/ionaid	Líon
Cigireachtaí ar ábhar	330
Cigireachtaí ar Chláir (TYP/LCA/LCVP)	20
Cigireachtaí Treorach	66
Scéimeanna VTOS	3
Ionaid Oideachais Shóisearacha an Lucht Siúil	3
Ionaid Oideachais Shinsearach an Lucht Siúil	6
Múinteoirí Éireannacha i Scoileanna na hEorapa	22
Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh	30
Coláistí Samhraidh	107

Ag tacú le hobair mheastóireachta

Teastaíonn ón gCigireacht feabhas seasta a chur ar na teicnící sin a úsáidtear chun sonraí oibiachtúla, sonraí ar féidir brath orthu agus sonraí d'ardchaighdeán a bhailiú agus tuarascálacha cothroma a tháirgeadh. Tá na prionsabail agus na treoirlínte a dhéanann cur síos ar an obair mheastóireachta sin sonraithe sa *Cbód Cleachtais Gairmiúil ar Mheastóireacht agus ar Thuarascáil don Chigireacht*.

Le linn 2002, chomhlánaigh an Chigireacht obair chomhairliúcháin agus obair fhorbartha maidir le nós imeachta athbhreithnithe comhlántach inar féidir le múinteoirí agus le scoileanna athbhreithniú a iarraidh ar thuarascáil chigireachta nó ar obair chigire. Foilsíodh é sin mar *Nós Imeachta maidir le hAthbhreithniú Cigireachtaí ar Scoileanna agus ar Múinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais 1998* agus léiríonn sé dul chun cinn breise chun trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú.

Rinneadh obair fhorbartha shuntasach freisin ar na sceidil bhreithnithe agus ar na teimpléidí tuarascála a bhíonn á n-úsáid ag cigirí nuair a bhíonn siad i mbun cigireachta i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal agus dóibh sin a bheidh á n-úsáid nuair a chuirfear Meastóireacht sa Scoil Iomlán atá ar an mbealach i bhfeidhm.

Dearbhú cáilíochta trí rannpháirtíocht i meastóireachtaí idirnáisiúnta

Trínár rannpháirtíocht i suirbhéanna idirnáisiúnta gnóthachtála, is féidir le córas oideachais na hÉireann leas a bhaint as sonraí comparáideacha luachmhara. Le linn 2002, bhí an chigireacht bainteach go díreach nó thug an chigireacht tacaíocht do roinnt de na tionscadail sin, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú OCED 1 ar Oideachas Luath-Óige
- Tionscadal OECD ar Mhúinteoirí Éifeachtacha a Mhealladh, a Fhorbairt agus a Choimeád
- Clár OECD do Mheasúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn (PISA)
- Tionscadal SICI2 ar Féinmheastóireacht Scoile Éifeachtach (ESSE)

- Tionscadal SICI ar Chomhpháirtíochtaí Cáilíochta sna Réigiúin.

Ag tacú le dearbhú cáilíochta sa chóras oideachais

Cé go bhfuil meastóireacht scoileanna mar phríomhchuid d'obair na Cigireachta, bíonn cigirí i mbun roinnt gníomhaíochtaí eile a thacaíonn agus a fheabhsaíonn ardchaighdeán an chórais oideachais.

I 2002, chuir cigirí go mór le feabhsú an churaclaim i gcás scoileanna trína bheith rannpháirteach sna coistí cúrsa agus sna coistí curaclaim de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. D'oibrigh siad freisin le hAonad Forbartha Inghairme na Roinne, An Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile. agus an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal. D'oibrigh cigirí ó thaobh bunú agus bhainistiú tionscadail phíolótaigh chun ábhair a sholáthar do mhúineadh na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge, go dtí go mbunófaí An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Bhí cigirí páirteach freisin ó thaobh bhainistiú Seirbhísí Pleanála Forbartha Scoile (ag an gcéad agus ag an dara leibhéal) agus sa tionscnamh maidir le Forbairt Ceannaireachta i Scoileanna.

I rith na bliana, d'oibrigh cigirí ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe chun dul i ngleic le míbhuntáistí oideachais. Áirítear san obair sin forbairt treoirlínte do scoileanna don tionscnamh Ag Tabhairt Cothroime do Leanaí, ag maoirsiú an Chlár Críochnú Scoile, ag bainistiú an tionscnaimh Idircheangail Baile/Scoile/Pobail, ag déanamh eagarthóireachta agus ag foilsiú Treoirlínte Oideachais don Lucht Siúil (eagrán do bhunscoileanna agus do scoileanna dara leibhéal araon) agus ag pleanáil agus ag eagrú tionscnamh Athslánaithe Léitheoireachta.

Le linn 2002, bhí cigirí iarbhunscoile mar Phríomh-Scrúdaitheoirí do na Scrúduithe Stáit agus foilsíodh raon Tuarascálacha ó na Príomh-Scrúdaitheoirí. Ina theannta sin, d'oibrigh an Chigireacht i gcomhar le foireann an Bhrairse Scrúduithe de chuid na Roinne chun feabhas a chur ar oiliúint na scrúdaitheoirí cúnta agus ar

¹OECD = Organisation for Economic Co-operation and Development

²SICI = Standing International Conference of Central and General Inspectorates of Education

mhonatóireacht an phróisis marcála agus d'oibrigh siad chun na meicníochtaí achomhairc a chur chun cinn. Chuaigh siad i mbun obair fhorbartha eile freisin mar mhonatóireacht ar bhéalscrúduithe agus measúnú a dhéanamh ar obair thionscadail agus ar obair phraiticiúil.

Áirítear ar réimsí eile dá gcuid oibre, cigireacht a dhéanamh ar ghearáin maidir le scoileanna agus múinteoirí, rannpháirtíocht i mBoird Achomharc maidir le ligean isteach mac léinn agus maidir le heisiamh mac léinn faoi Alt 29 den *Acht Oideachais*, ag comhairliú faoi sholáthar do leanaí a mbíonn riachtanais oideachais speisialta ag baint leo, agus rannpháirtíocht ar Thascfhórsaí Drugaí Áitiúla. Rinne baill den Chigireacht cathaoirleacht air agus bhíodar rannpháirteach freisin in obair an Choiste Taighde agus Forbartha de chuid na Roinne, a d'fhoilsigh achoimre de thorthaí ó thaighde a fuair tacaíocht le roinnt blianta anuas, agus bhíodar ar bhord eagarthóireachta Oideas, iris oideachais na Roinne.

Ag soláthar comhairle ar pholasaí oideachais agus ar nithe oibríochtúla

Cuireann an Chigireacht saineolas gairmiúil agus comhairle ghairmiúil ar fáil ar raon leathan nithe oideachas do rannáin eile den Roinn. D'fhéadfadh an chomhairle seo a bheith ag baint le forbairt polasaí, le nithe a mbíonn díospóireachtaí oideachais fúthu nó inní fúthu nó nithe oibríochtúla. Le linn 2002, áirítear ar na saincheisteanna ar sholáthair an Chigireacht comhairle ina dtaobh, aitheantas do cháilíochtaí múinteora, éifeachtacht maidir le soláthar oideachas speisialta, oideachas do leanaí nach náisiúnaigh iad, feabhas ar oideachas don Lucht Siúil, bearta chun feabhas a chur ar oideachas eolaíochta agus feidhmiú curaclaim nua nó athbhreithnithe i scoileanna.



Torthaí Ardchaighdeáin



I measc ár bpríomhfhreagrachtaí tá a chinntiú go mbainfear ardchaighdeán amach in oideachas agus tá príomhról ag an gCigireacht maidir leis an gcéad agus an dara leibhéal. Tá ról ag an Roinn, in éineacht leis an Údarás Ardoideachais, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, An Chomhairle Náisiúnta Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, agus an Chomhairle Náisiúnta Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna maidir le hardchaighdeán sna hearnálacha ardoideachais agus breisoideachais.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn feabhas a chur ar ardchaighdeán an oideachais agus deachleachtas a chur chun cinn i seomraí ranga, scoileanna, coláistí agus ionaid eile d'oideachas. Tacaíonn meastóireacht ar chláir oideachais, measúnú agus teastasú, forbairt foirne agus athbhreithniú leanúnach curaclaim leis an bhfeidhm sin.

Tá cur chun cinn na foirfeachta i dtaighde ríthábhachtach maidir le hiomaíocht idirnáisiúnta de. Aithnítear an nasc

atá idir taighde agus múinteoireacht agus ról na gcoláistí tríd leibhéal mar mhór-sholáthróir in obair thaighde na hÉireann. Tacaíonn rannpháirteacht na Roinne in eagraíochtaí idirnáisiúnta le forbairt polasaithe oideachais de réir deachleachtais idirnáisiúnta.

Straitéis: Torthaí Ardchaighdeáin d'fhoghlaimoirí a chur chun cinn

Ról na Cigireachta

Tá an Chigireacht tiomanta do chur chuige lánpháirithe deimhnithe ardchaighdeáin a chuirfidh le taithí oideachasúil daltaí agus a fheabhsóidh torthaí foghlama. Tá aird tarraingte ar obair na Cigireachta i gceann dár míreanna fócais.

Forbairtí Curaclaim ag Leibhéal Bunoideachais

Tá an Curaclam Bunscoile, a seoladh i Meán Fómhair 1999, á fheidhmiú ar bhonn céimithe thar tréimhse seacht mbliana.

Faoi Mheitheanh 2002, soláthraíodh oiliúint inseirbhíse ar bhonn náisiúnta i réimsí an Bhéarla, na Gaeilge, na hAmharcealaíon, Matamaitice agus Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (SPHE). Tá an clár inseirbhíse Matamaitice comhdhéanta de dhá lá seimineár i ndiaidh a chéile agus lá amháin pleanála scoilbhunaithe. Bhí na laethanta leagtha amach bunaithe ar chúig shraith an churaclaim matamaitice le gníomhaíochtaí láimhe do rannpháirtithe i ngach seisiún. Bhí lá amháin inseirbhíse ar SPHE. Lean an Tionscadal Forbartha in Eolaíocht sna scoileanna a bhí rannpháirteach an bhliain roimhe sin. Cuireadh beirt oiliúnoirí eile leis an bhfoireann agus áiríodh scoileanna nua sa tionscadal ag tabhairt an líon iomlán a bhí páirteach go beagnach 300.

Ó Mheán Fómhair 2002, lean oiliúint inseirbhíse in Eolaíocht, SPHE, Gaeilge, Tacaíocht Foghlama agus Leanaí ar dTús.

Tionscnamh Nuatheangacha i mBunscoileanna

Faoi láthair tá 378 scoil rannpháirteach sa Tionscnamh Nuatheangacha i mBunscoileanna. Scaipeadh Treoirlínte Múinteora chun cur leis na Teoirlínte Curaclaim a bhí eisithe cheana le linn na scoilbhliana 2001/2002. Soláthraítear oiliúint inseirbhíse cuimsitheach do gach scoil atá rannpháirteach sa tionscnamh.

Maoinítear an tionscnamh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Faigheann scoileanna atá rannpháirteach uasmhéid de dheontas acmhainní de bhreis is €600 don chéad dá bhliain sa scéim agus deontas leanúnach chun múinteoir cuartaíochta a fhostú, más gá.

Rinne an Roinn coimisiúnú ar Institiúid Teangeolaíochta Éireann chun tabhairt faoi mheastóireacht neamhspleách ar an Tionscamh Píolótach. Foilsíodh an tuarascáil sin i 2002.

Tascfhórsa ar Eolaíochtaí Fisiciúla

Bunaíodh an Tascfhórsa ar Eolaíochtaí Fisiciúla chun tabhairt faoin inní atá ann maidir leis an laghdú atá ag teacht ar an líon daltaí atá ag roghnú staidéir a dhéanamh ar na heolaíochtaí fisiciúla i scoileanna agus i gcoláistí na hÉireann. Scaipeadh an tuarascáil deiridh, a cuireadh i láthair an Aire i Márta 2002, ar pháirtithe leasmhara lena bhreithniú. Tá sé beartaithe tosaíochtaí a thabhairt do phríomhréimsí agus tabhairt faoi fheidhmiú na moltaí ar bhonn céimithe.

Forbairtí Curaclaim ag an Dara Leibhéal

Tá oideachas dara leibhéal comhdhéanta de Shraith Shóisearach a dhéanann freastal ar an aois ghrúpa 12-15 agus ina dhiaidh sin Sraith Shinsearach a dhéanann freastal ar an aois ghrúpa 15-18. Tá Clár an Teastais Shóisearaigh trí bliana ar fhad agus ina dhiaidh tá scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Is féidir leis an tSraith Shinsearach a bheith dó nó trí bliana ar fhad ag brath an roghnaíonn daltaí Clár na hIdirbhliana, clár roghnach aon bhliana. Is clár dhá bhliain é Teastas na hArdteistiméireachta bunaidh. Tá siollabais le fáil i 34 ábhar.

Is clár roghnach é an *Teastas Sóisearach Clár Scoile (JCSP)* atá dírithe ar scoileanna atá rannpháirteach cheana féin sa Chlár um Chríochnú na Scoile. Tá an clár ar fáil anois i 136 scoil agus faigheann sé maoiniú speisialta.

Is clár roghnach aon-bhliana é *Clár na hIdirbhliana* a ghlactar nuair a bhíonn an Teastas Sóisearach críochnaithe. Tá an Idirbhliain anois ar fáil i 500 scoil do bhreis is 23,000 dalta.

Is clár Ardteistiméireachta dhá bhliain ar leith agus féinchiomsitheach í an *Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA)* atá dírithe ar dhaltaí a ullmhú don saol oibre agus do shaol an duine fásta. Cuireann an LCA béim ar bhealaí gnóthachtála agus scileanna nár haithníodh san Ardteistiméireacht bhunaidh san am a caitheadh. Tá an LCA ar fáil anois i 260 scoil agus do thart ar 8,000 dalta.

Is clár dhá bhliain é *Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP)* a bhfuil gné láidir gairme ag baint leis. Tugann sé deis do dhaltaí foghlaim féinthéoraithe a dhéanamh, do nuálacht agus d'fhiontraíocht. Tá an LCVP ar fáil anois i mbreis is 490 scoil do thart ar 32,800 dalta.

Tionscnamh Teangacha Iarbhunoideachais

Bunaíodh an tionscnamh i Meán Fómhair 2000 chun cur le múineadh teangacha i scoileanna dara leibhéal. Tá dreasachtaí ar fáil ann do scoileanna ceann de na sprioctheangacha-Iodáilis, Spáinnis, Seapáinis nó Rúisis a sholáthar nó a fhorbairt ina gcuraclam. Faoi láthair tá 230 scoil rannpháirteach sa tionscnamh.

Bronnadh an European Language Label 2002 ar an tionscnamh seo.

Tá cúrsaí Diplóma Iarchéime do mhúinteoirí Spáinnise agus Iodáilise tosaithe sa DIT, Sráid Chaoimhín. Cúrsaí dhá bhliain iad na cúrsaí seo agus áirítear mar chuid díobh cúrsa Samhraidh sa tír lena mbaineann an teanga roghnaithe.

Cláir Choisc Mhí-Úsáid Substaintí

Chuir an Roinn tionscnaimh chun cinn chun tabhairt faoi cheist mhí-úsáid drugaí. Cuireadh oiliúint ar fáil sa réimse cosc ar mhí-úsáid substaintí agus feidhmiú ábhar acmhainní cuí mar "Walk Tall" do bhunscoileanna agus "On My Own Two Feet" do scoileanna dara leibhéal. Chomh maith leis sin soláthraíodh tacaíocht shonrach do gach scoil i limistéir Tascfhorsa Drugaí Áitiúil.

Eisíodh treoirlínte ar gach scoil i nDeireadh Fómhair 2002, mar a bhí riachtanach faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001 go 2008. Faoi láthair tá scoileanna ag dréachtú polasaithe den chineál sin le tacaíocht ó Bhoird Sláinte, Clár Tacaíochta An Churaclaim Bunscoile agus seirbhísí tacaíochta na gClár Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (SPHE). Tá ball foirne na Roinne ar gach Tascfhórsa Drugaí Áitiúil.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Seoladh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i Márta 2002. Is comhlacht reachtúil é seo chun oideachas trí Ghaeilge chomh maith le teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn. Beidh ról comhairleach agus tacaíochta ag an gComhairle maidir le hoideachas trí Ghaeilge agus planáil agus comhordú téacsleabhar agus áiseanna foghlama. Beidh baint aige le forbairt polasaithe chun oideachas trí mheán na Gaeilge i scoileanna agus in iarbhunscoileanna a éascú.

Riachtanais Ghairme agus Scileanna

Is é An tÚdarás Ardoideachais (HEA) an comhlacht planála agus forbartha don ardoideachas in Éirinn. Ceann de na príomhfheidhmeanna atá aige is ea athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an éileamh atá ar ardoideachas agus an gá atá leis. Laistigh den chomhthéacs seo tugann an HEA moltaí don Aire i dtaca le soláthar áiteanna do mhic léinn ar an iomlán.

Fógraíodh i mBealtaine 2002 go soláthrófaí 175 áit oiliúna teiripe gairmiúla breise do mhic léinn idir fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus teiripeoirí teanga agus labhartha. Dá bharr sin beidh beagnach dhá oiread an líon áiteanna teiripe ann is a bhí roimhe sin. Cuireadh tús leis an gcéad ghlacadh isteach sna háiteanna nua sa bhliain acadúil 2002/03.

Ciste Infheistíochta do Scileanna Theicneolaíocht an Eolais

Molann Tríú Tuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin, a foilsíodh in Iúil 2001 infheistíocht i réimse TE chun soláthar do bhreiseoiliúint pháirt-aimseartha, chun méadú ar áiteanna i gcúrsaí tiontaithe iarchéime, chun rátaí críochnaithe a fheabhsú agus chun trealamh a athnuachan. Bunaíodh Grúpa Comhairleach Saineolaithe agus an fhreagracht air



maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na moltaí.

Sholáthair an Roinn €8 milliún i 2002, a dáileadh mar seo a leanas ar institiúidí tríú leibhéal:

Athnuachan ar threalamh TE, srl.	€5.5milliún
Bearta chun cur le críochnú rátaí i gcúrsaí TE	€1.5milliún
Soláthar cúrsaí iarchéime /páirtaimseartha	€1.0milliún

Freastal na hEarnála Teicneolaíochta ar Riachtanais Scileanna

Leanann na hInstitiúidí Teicneolaíochta ag freagairt do riachtanais scileanna trí áiteanna breise a chur ar fáil sna cúrsaí atá ann faoi láthair, trí chúrsaí nua a thabhairt isteach agus trí roinnt áirithe tionscnamh scileanna speisialta a fhorbairt mar seo a leanas:

Clár Luathaithe do Theicneoirí (ATP)

Cuireadh an ATP ar bun i roinnt Institiúidí Teicneolaíochta i 1998. Tairgítear cúrsaí 18 mí ag leibhéal an Teastais Náisiúnta i raon réimsí riachtanas scileanna lena n-áirítear Ríomhaireacht, Teicneolaíocht na Déantúsaíochta, Eolaíocht Thionsclaíoch, Beachtinnealtóireacht, agus Dearadh Déanaimh – Múnla Ríomhchuidithe. Sa bhliain 2002 ghlac breis is 440 mac léinn páirt sna cúrsaí seo. Sa bhliain 2001, tugadh cúrsa aon bhliana Diplóma Náisiúnta isteach i roinnt Institiúidí Teicneolaíochta agus lean siad sin i 2002. Thug na cúrsaí sin deiseanna dul chun cinn do chéimithe chlár ATP an Teastais Náisiúnta.



An Clár d'Oiliúnaí Institiúide (ITP)

Seoladh an Clár d'Oiliúnaí Institiúide i 2001 chun áiteanna breise tríú leibhéal a chur ar fáil i roinnt réimsí a sonraíodh de bharr ganntanais scileanna, lena n-áirítear : Foirgníocht, Déantúsaíocht Leictreonach, Cógaseolaíocht, An Cheimic, Cúram Sláinte, Teicneolaíocht an Bhia, r-Ghnó agus Ríomhaireacht. Is é is aidhm don chlár oibre agus staidéar bhunaithe seo ná deiseanna rochtana do chatagóirí neamhthraidisiúnta oiliúnaithe a fheabhsú agus comhcheanglaíonn sé fostaíocht le heilimintí oideachasúla foirmiúla. I 2002, bhí tuairim is 200 foghlaimoír ar na cúrsaí seo.

Printíseacht

Clúdaíonn an Córas Printíseachta Cáilíocht/ Ardchaighdeán Bhunaithe 26 réimse ceirdeanna ainmnithe agus tá sé comhdhéanta de ceithre mhodúl ar a bhfuil módúl d'oiliúint ar an láthair oibre agus trí mhodúl d'oiliúint theicniúil fhoirmiúil a dhéantar in ionad oiliúna de chuid FÁS, in Institiúid Teicneolaíochta nó i gcoláiste Choiste Gairmoideachais ar leith.

Is é an líon iomlán áiteanna oiliúna san earnáil oideachais ná timpeall is 10,400. Mar fhreagra ar an líon ard printíseach a bhí ag lorg oiliúna soláthraíodh 500 áit oiliúna bhreise i 2002/03.

Reachtáladh roinnt cúrsaí speisialta le linn Shamhradh 2002 i réimsí ceirdeanna ard-éilimh. Sholáthair na cúrsaí Samhraidh speisialta sin oiliúint do 746 printíseach breise.

An Creat Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí

Bunaíodh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, Chomhairle Breisoideachais agus Oiliúna agus An Chomhairle Ardoideachais agus Oiliúna i 2001 chun creat oibre aontaithe do chreidiúnú an ghairmoideachais agus oiliúna neamhollscoile ar fad ag an mbreisleibhéal agus ardleibhéal.

Ag tógáil ar na comhchomhairlí a rinneadh i 2001, d'fhoilsigh Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann roinnt cáipéisí i 2002 ag leagan amach

- Na prionsabail, polasaithe agus critéir a bheadh mar thaca le forbairt creat oibre cáilíochtaí (I dTreo Creat Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí – Polasaithe agus Critéir a Bhunú, Aibreán 2002)
- Páipéar plé ar dhámhachtainí idirnáisiúnta agus gairmiúla a áireamh sa chreat oibre (I dTreo Creat Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí – Dámhachtainí Gairmiúla agus Idirnáisiúnta a chur san áireamh, Bealtaine 2002)
- Peirspictíocht fostaíochta ar an gcreat oibre (I dTreo Creat Oibre Náisiúnta Cáilíochtaí – An Pheirspictíocht Fostaíochta, Samhain 2002)

Ceann de phríomhghnéithe an chórais nua ná go ndírítear ar thorthaí foghlama a ghnóthachtáil (ardchaighdeáin eolais, scileanna agus inniúlachtaí) atá leagtha amach chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach foghlaimoír ar chreidiúnú cibé láthair foghlama atá i gceist, cibé ar i suíomh foirmiúil, neamhfhoirmiúil, pobail nó láthair oibre atá i gceist.

Straitéis: Ardchaighdeán ó thaobh sholáthar agus fheidhmiú oideachasúil a chinntiú agus a chur chun cinn ag gach leibhéal

Soláthar Bunmhúinteoirí

Bhí 24,600 post múinteoireachta i mbunscoileanna i Nollaig 2002. Ba é an cóimheas beartaithe múinteora in

aghaidh dalta don scoilbhliain 2002/03 ná 18:1.

Ba é an líon iomlán a glacadh isteach i gColáistí Oideachais do bhunmhúinteoireacht i 2002 ná 1,461. Ar an iomlán bhí 3,746 mac léinn sna coláistí i 2002. Fuair beagnach 1,280 bunmhúinteoir a gcéim ó chúrsaí oiliúna múinteora.

Soláthar Múinteoirí Dara Leibhéal

Bhí 25,270 múinteoirí lánaimseartha nó a gcomhionann sa chóras dara leibhéal sa scoilbhliain 2002/03. Is é an cóimheas dalta múinteora san earnáil seo anois ná 13.6:1.

Is cúrsa lánaimseartha aon bhliana é an tArdteastas san Oideachas ina bhfaightear an cháilíocht chun teagasc i meánscoileanna. Ní mór cúrsa bunchéime intofa a bheith críochnaithe ag an té ar mhian leis/léi fáil isteach sa chúrsa seo. Ní mór do chéim a bheith leor-dhóthanach chun a chur ar chumas an tsealbhóra ábhar amháin nó réimse staidéir amháin atá i Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna a theagasc. Chríochnaigh 938 mac léinn san iomlán an tArdteastas san Oideachas i 2002.

Forbairt Inghairme


Tá an tAonad Forbartha Inghairme sa Roinn freagrach as forbairt, bainistíocht, monatóireacht, maoiniú agus meastóireacht a dhéanamh ar chláir náisiúnta oiliúna inseirbhíse do mhúinteoirí/theagascóirí/bhainistíocht ag an gcéad leibhéal, dara leibhéal agus leibhéal breisoideachais agus do thuismitheoirí a bhfuil baint acu leis an gcéad agus dara leibhéal. Áirítear ar chláir:

- Clár Tacaíochta an Churaclaim Bunscoile
- Cláir Dara Leibhéal chun tacú le hathrú sa churaclam
- An tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí atá ag obair le cláir scoile mar Chláir na hIdirbhliana.
- Cláir Pleanáil d'Fhorbairt Scoile ag bun agus dara leibhéal.

Áirítear ar chláir nua:

- Clár cuimsitheach oiliúna sa réimse riachtanais speisialta.
- Clár Forbartha Ceannasaíochta do Scoileanna, ag díriú ar fhorbairt na scileanna atá ag bainistíocht scoileanna.
- Clár píolótach insealbhairthe do mhúinteoirí nuacháilithe

Tá freagracht ar an Aonad Forbartha Inghairme freisin i leith líonra náisiúnta na nIonad Oideachais. Cuireann na hionaid seo réimse leathan cúrsaí forbartha gairme ar fáil ag leibhéal áitiúil.



Tionscnamh do Phleanáil Forbartha Scoileanna

Tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh do Phleanáil Forbartha Scoileanna cultúr comhoibritheach do phleanáil forbartha a spreagadh agus a láidriú i scoileanna agus dá bharr sin feabhas agus éifeachtacht scoileanna a chur chun cinn. Ó Mheán Fómhair 2002 tá oiliúint inseirbhíse i bhforbairt scoileanna á cur ar fáil i mbunscoileanna. Tá pleananna curtha i bhfeidhm i scoileanna a bhí rannpháirteach sa tionscnamh maidir le gnéithe dá geleachtas agus dá n-oibríocht.

Ag an leibhéal iarbhunoideachais, cuireadh oiliúint do phleanáil forbartha scoileanna ar fáil i ngach scoil trí chláir

seimineár réigiúnacha ó tugadh isteach an Tionscnamh. Léirigh suirbhé a rinneadh ar 209 scoil sa chéad leath de 2002 go raibh baint ag 91% de na bunscoileanna ar rinneadh an suirbhé fúthu leis an bpróiseas pleanála forbartha scoileanna faoi Mheitheamh 2002.

Treoirle i gcás Comhairle Mac Léinn

Forálann Alt 27 den *Abt Oideachais 1998* gur féidir le mic léinn scoileanna iarbhuioideachais comhairle mac léinn a bhunú. Foilsíodh *"Student Councils: A Voice for Students"* i Meitheamh 2002.

Tugann na treoirle cuntas ar an gcleachtas is fearr, ag tabhairt roinnt samhlacha maidir le saghas agus comhdhéanamh na gcomhairlí. Tugtar comhairle iontu chomh maith do mhic léinn maidir le bunreacht a fhorbairt, oifigigh a thoghadh, agus obair na comhairle a phleanáil agus a bhainistiú. Áirítear ábhair thacaíochta chomh maith, mar shampla d'fhéilire imeachtaí, agus sampla de bhunreacht.



Tacaíocht do Phríomhoidí ag an mBunleibhéal

Cuirtear tacaíocht riaracháin ar fáil do phríomhoidí i mbunscoileanna. Is é an figiúr rollaithe i gcás príomhoidí le cúraimí riaracháin a cheapadh agus a choinneáil i ngnáthscoileanna ná 180 agus 158 i nGaelscoileanna.

Ó Meán Fómhair 2002 is é seo a leanas an leibhéal tacaíochta a chuirtear ar fáil do bhunscoileanna ina bhfuil rollú de níos lú ná 180 dalta. (158 i gcás Gaelscoileanna):

An Líon Múinteoirí

Príomhoide móide naonúr múinteoirí, nuair a bhíonn gach post iar-chuóta san áireamh

6 mhúinteoir príomhrutha nó níos lú

Tacaíocht ar fáil

Múinteoir ranga príomhrutha breise le deis a thabhairt don phríomhoide a bheith ina p(h)ríomhoide riaracháin

14 go dtí 22 lá ionadaíochta íochta i ngach scoilbhliain, ag brath ar mhéid na scoile, le deis a thabhairt don phríomhoide atá i mbun múinteoireachta cúraimí riaracháin a ghlacadh

Straitéis: An Scoth-Taighde a chur chun cinn

An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLÍ)

Soláthraíonn an clár seo tacaíocht airgeadais lánpháirtithe do na straitéisí taighde institiúide, do chlár agus d'infrastruchtúr. Is príomhghné de na moltaí PRTLÍ ná soláthar postanna taighde iarchéime agus iardhochtúireachta. Faoi 31 Lúnasa 2002, bhí sannadh déanta ar an iomlán ar 540 taighdeoir iarchéime. Is é an tÚdarás Ardoideachais a dhéanann bainistíocht ar an gclár.

Ó seoladh an clár i 1998, bronnadh dámhachtainí de luach €605 milliún ar an iomlán.

Seo a leanas cuid acu:

- Maoiniú nua taighde ar 15 institiúid tríú leibhéal ar an iomlán, lena n-áirítear 6 Institiúid Teicneolaíochta
- 9 Ionad Taighde críochnaithe i 2002 (chomh maith leis an 4 ionad a críochnaíodh i 2001)
- 62 clár taighde nua agus leathnaithe bunaithe
- 40 clár/tionscnamh nua idir-institiúidí bunaithe

Taighde san Earnáil Theicneolaíoch

Tá leathdháileadh sonrath de €38.09 milliún sannta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le tacaíocht a thabhairt do

chumais taighde na hearnála teicneolaíochta agus chun í a láidriú. Sa bhliain airgeadais 2002, caitheadh €5.7 milliún ar na trí shraith den tionscnamh seo.

Comhairle Taighde na hÉireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht

Bunaíodh Comhairle Taighde na hÉireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht chun foirfeacht agus na caighdeáin is airde sa taighde i dtír dhisciplín leathana na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta a chur chun cinn. I 2002 chuir an Chomhairle maoiniú ar fáil do 219 scoláireacht iarchéime, ina mbeidh caiteachas de €10.9 milliún suas go dtí 2005. Bhronn an Chomhairle 58 deontas taighde breise. Beidh caiteachas de €7.9 milliún i gceist leo seo go dtí 2005. Sheol an Chomhairle scéim Comhaltachta Iardhochtúireachta i mí na Samhna 2002.

Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta

Bunaíodh Comhairle Taighde na hÉireann do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta i 1999. Is é misean na Comhairle ná foirfeacht agus na caighdeáin is airde sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta a spreagadh agus deiseanna agus polasaithe a fhorbairt i gcur chun cinn taighde. I 2002, bhronn an Chomhairle 165 dámhachtain ar an iomlán faoin 5 scéim scoláireachta de chuid Rialtas na hÉireann a bhí ag an gComhairle. Is é an costas measta a bhaineann leis na dámhachtainí sin ná €3.3 milliún.

Straitéis : Infheistiúcht in Infrastruchtúr Oideachasúil

An Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna

Bunaíodh an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna le heolas a thabhairt faoi chinní polasaithe náisiúnta maidir le soláthar scoile ag an gcéad agus ag an dara leibhéal.

Mar thoradh ar thuarascáil an Choimisiúin ar *Chritéir agus Nósanna Imeachta maidir le hAitbeantas do Bhunscoileanna Nua*, bunaíodh an Coiste Comhairliúcháin do Scoileanna Nua le hiarratais a phróiseáil maidir le haitheantas a thabhairt do bhunscoileanna nua. Tá próiseas achomhairc ann chomh maith.



Tá bunphlean i dtuarascálacha an *Choimisiúin Cónasctha Scoileanna Céad Leibhéal agus Cónasctha Scoileanna Dara Leibhéal* maidir le polasáí cónasctha i gcás cónasctha scoileanna chéad agus dara leibhéal.

Críochnaíodh tuarascáil an Choimisiúin *Planning School Provision – Three Praxes* i mí na Nollag 2002. Tá anailís dhéimeagrafach agus praisis le fáil sa tuarascáil chun soláthar scoile a phleanáil i gceantar atá faoi fhorbairt, i gceantar uirbeach ina bhfuil an daonra ag titim agus i gceantar tuaithe.

Cóiríocht Oideachasúil a Sholáthar

Díríonn clár caipitil na Roinne ar phleanáil agus chomh fada agus atá acmhainní ar fáil, ar fhreastal a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta scoileanna chéad agus dara leibhéal agus institiúidí tríú leibhéal. Is éard atá i gceist leis ná clár chaipitil ilbhliantúla a fhorbairt agus a bhainistiú i gcás gach ceann de na hearnálacha seo lena chinntiú go gcuirtear an infrastruchtúr cuí i bhfeidhm laistigh de chreat oibre caighdeánach agus ceann go bhfaightear luach a chuid airgid air.

Cuireadh tús le fardal píolótach cóiríochta a chur ar fáil de 115 bunscoil agus iarbhunscoil i gCo. Chill Dara i 2002. Cuirfeadh an t-eolas a bheidh ar fáil ón suirbhé ar bhunachar sonraí An Chórais Eolais Gheografaíochta (GIS) le héascaíocht rochtana a chinntiú.

Foirgnimh Bhunscoile

Bhí an caiteachas i leith Fhoirgnimh Bhunscoile i 2002 ar

an iomlán ag €172.8 milliún. Seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh i 2002:

- Tugadh an fhoirgníocht chun críche ar os cionn 50 mórthionscadal tógála bunscoile (i.e. tionscadail de €317,000 nó níos mó) i 2002
- Tugadh cead tús a chur le foirgníocht i gcás 39 mórthionscadal sa Chlár Tógála Bunscoile 2002
- Tosaíodh pleanáil ailtireachta ar 426 mórthionscadal tógála bunscoile
- Ceadaíodh 1772 miondheontas (i.e., deontais níos lú ná €317,000)
- Tionscnaíodh an próiseas chun 57 láithreán nua bunscoile a fháil
- Táthar ag leanúint de chlár shlánú ó aispeiste
- Táthar ag leanúint de chlár maolaithe radóin



Foirgnimh Iarbhunscoile

Bhí an caiteachas i leith Foirgnimh Bhunscoile i 2002 ar an iomlán ag €171.4 milliún. Seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh i 2002:

- Tugadh an fhoirgníocht chun críche ar 32 mórthionscadal tógála iarbhunscoile (i.e. tionscadail de €634,869 nó níos mó) i 2002
- Tugadh cead tús a chur le foirgníocht i gcás 35 mórthionscadal iarbhunscoile ar a costas de €634,869 an ceann
- Tosaíodh pleanáil ailtireachta ar os cionn 150 mórthionscadal

- Ceadaíodh 179 miondheontas (i.e. deontas níos lú ná €634,869)
- Táthar ag leanúint de chlár leighis aispeiste
- Táthar ag leanúint de chlár maolaithe radóin
- Táthar ag leanúint de chlár le leibhéil dusta a thagann ón aer i seomraí adhmaadóireachta a rialú

Foirgnimh Tríú Leibhéal

Cuireann an Roinn infheistíocht isteach ó thaobh campais tríú leibhéal a athchóiriú agus a fhorbairt. Bhí an caiteachas i 2002 ag €183.9 milliún.

Earnáil na hInstitiúide Teicneolaíochta

- Críochnaíodh 10 dtionscadal nua cóiríochta, 33 tionscadal athchóirithe agus 15 tionscadail oibreacha infrastruchtúir i measc na n-Institiúidí Teicneolaíochta éagsúla.
- Tugadh 5 thionscadal troscáin agus trealaimh agus fáil 2 láithreán agus roinnt mionoibreacha caipitil chun críche
- Tosaíodh tógáil i gcás 22 tionscadal, chuaigh 28 tionscadal trí phleanáil ailtireachta, agus tionscnaíodh 9 thionscadal nua
- Soláthraíodh maoiniú de €11.1 milliún i gcás 400 mionthionscadal caipitil athchóirithe/uasghrádú sna hinstiúidí teicneolaíochta.

Earnáil an Údaráis Ardoideachais (HEA) agus Coláistí Tríú Leibhéal Eile.

- Críochnaíodh 23 tionscadal, 9 dtionscadal faoi PRTLÍ ina measc, agus bhí 15 tionscadal caipitil á dtógáil. Ina theannta sin, lean 16 tionscadal leo trí phleanáil ailtireachta
- Soláthraíodh maoiniú i gcás uasghrádú trealaimh
- Soláthraíodh maoiniú de luach €9 milliún do thart ar 115 tionscnamh faoin gClár Athshuite Eilimintí Tógála.

Comhpháirtíochtaí Poiblí/Príobháideach (PPP)

Thug an Roinn an chéad Comhpháirtíocht Poiblí/Príobháideach píolótach sa Stát chun críche i 2002. I mí na Samhna 2001 i ndiaidh próiseas tairisceana ar fud

an AE chuaigh an Roinn i mbun conartha le Jarvis Projects le 5 scoil dara leibhéal i Sligeach, i Muineachán, sa Chlár agus péire i gCorcaigh a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh gach ceann de na scoileanna in am agus críochnaíodh ceithre cinn acu roimh an am a bhí leagtha amach dóibh. Mar chuid den chonradh, oibríonn Jarvis Projects na scoileanna faoi dheontas bainistíochta cothabhála/saoráidí ar feadh cúig bliana fichead. Baineann bainistíú na scoileanna agus iad a rith ó lá go lá le húdaráis bhainistíochta na scoile.

Faoin samhail PPP, déanfaidh Focus Education dearadh, tógáil, maoiniú agus oibriú ar Choláiste Muirí nua i Rinn an Scídh, Co. Chorcaí ar feadh cúig bliana fichead. Cuirfear cóiríocht ar fáil do thart ar 750 mac léinn lánaimseartha agus freastalóidh sí ar riachtanais oiliúna na hInstitiúide Teicneolaíochta i gCorcaigh agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

Beartais Chaomhnaithe Fuinnimh san Earnáil Oideachais

Tá an tAonad Foirgníochta agus Pleanála laistigh den Roinn ag leanúint le caomhnú fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh oideachais. Baineann an cur chuige DART leis an bpróiseas seo i.e. Dearadh, Feasacht, Taighde agus Teicneolaíocht.

Dearadh

Bíonn an bhéim ag staid an deartha ar dhearadh an imchlúdaithe theirmigh a fheabhsú agus an dearadh grianda neamhghníomhach chomh maith le haeráil nádúrtha agus solas an lae a ligean isteach.

Feasacht

Agus í ag obair le roinnt gníomhaireachtaí seachtracha tá comórtais éifeachtachta fuinnimh, seachtain Feasacht Fuinnimh agus scoileanna an Bhrait Ghlais forbartha ag an Roinn. Tá forbairt á déanamh chomh maith ar fócas níos mó ó thaobh an bhainistíochta agus an fhoireann a chur ar an eolas faoi oiliúint agus léiriú scoileanna nua.

Taighde

Táthar i mbun roinnt tionscadal faoi láthair trí chomhpháirtíocht tras-teorann a chur ar bun leis an mBord Leabharlainne Oideachais sa Deisceart agus in Ard Mhacha faoin gclár maoinithe InterReg.

Teicneolaíocht

Tá roinnt tionscadal ag teacht chun cinn faoi chómhaoiniú idir an Roinn agus Fuinneamh Inmharthana Éireann, i réimsí a bhaineann le haeráil nádúrtha agus solas an lae a fheabhsú, teicneolaíocht teaschaidéail a chur i bhfeidhm, tuirbín gaoithe agus rialú níos fearr maidir le cúrsaí fuinnimh.

Straitéis: Soláthar do theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide mar thacaí foghlama (ICT)

Tionscnaimh Theicneolaíochtaí Eolais agus Cumarsáide (ICT) sna Scoileanna

Leagann *Bunbhean na Roinne do Thodhchaí an ICT* san oideachas straitéis trí bliana amach maidir le tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad ag cur rochtana agus úsáide níos fearr chun cinn maidir le ICT sa mhúinteoireacht. Cuireadh deontais de thart ar €23 milliún ar fáil do bhunscoileanna agus do scoileanna iarbhuideochais i 2002. Áirítear iad seo a leanas ar phríomhghnéithe na straitéise:

- Saoráidí agus líonraí ríomhaireachta a fheabhsú i scoileanna - ó 1998 thit meánchóimheas an dalta/ríomhaire ó 37:1 go dtí níos lú ná 12:1 ag an leibhéal bunscoile agus ó 16:1 go dtí 9:1 ag an leibhéal iarbhuinscoile;
- Rochtain chuig an Idirlíon a fheabhsú - le linn na scoilbhliana 2002/03, cuireadh suas le 10 n-uair a chloig rochtain saor in aisce ar an Idirlíon ar fáil do scoileanna in aghaidh na seachtaine;
- Soláthar comhairle ICT agus seirbhísí tacaíochta do scoileanna – Cuireann an Lárionad Náisiúnta Teicneolaíochta san Oideachas é sin ar fáil.
- Breis forbartha ar scileanna múinteoireachta agus ICT á úsáid sa seomra ranga
- Bogearraí oideachais/acmhainní ilmheán le húsáid sna scoileanna.

Straitéis: Tacaíocht a thabhairt don ógra lasmuigh den oideachas foirmiúil

Seirbhís Obair Ógra

Seo a leanas scéimeanna do chlár obair ógra agus seirbhís:

An Scéim Deontais don tSeirbhís Óige	32 eagraíocht/clár
Tionscadail Speisialta don Óige	165 tionscadal óige bunaithe ar an bpobal
Lárionaid Eolais Óige	27 Lárionad Eolais Óige
Scéim Deontais do Chlub Óige Áitiúil	Cuidíonn sé le Clubanna Óige áitiúla agus le grúpaí ó thaobh na gcostas a bhaineann le tosú amach árachas, etc.
Saoráidí do Dhaoine Óga	Cuidíonn siad le Ciste Seirbhísí saoráidí don óige a fhorbairt, lena n-áirítear saoráidí spóirt agus caitheamh aimsire, agus seirbhísí i gceantair a bhíonn faoi mhíbuntáiste agus ina mbíonn fadhbanna drugaí.

Bhí an maoiniú a cuireadh ar fáil don earnáil obair ógra i 2002 ar an iomlán ag €25.7 milliún.

Bunaíodh Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta nua ar Obair Ógra (NYWAC) in Aibreán 2002, faoi théarmaí an *Achta um Obair Ógra, 2001*. Is é an príomhról atá ag an NYWAC ná comhairle a chur ar an Aire maidir le polasáí obair ógra.

I Meán Fómhair 2002, foilsíodh an *Cód Deachleachtais, Cosaint Leanai don Earnáil Obair Ógra*.

Straitéis: Cur le comhoibriú Thuaidh/Theas

Comhoibriú Thuaidh/Theas

Chomhaontaigh an Roinn, tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, roinnt comhghníomhaíochtaí i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:

- Soláthar Riachtanas Oideachais Speisialta

- Tearcghnóthú Oideachasúil
- Cáilíochtaí Múinteoirí
- Malartuithe Scoile, Óige agus Múinteoirí

Thug an Roinn tacaíocht do thionscadail éagsúla bunaithe ar an scoil agus atá dírithe ar chomhoibriú agus tuiscint a fheabhsú idir an Tuaisceart agus an Deisceart.

Faoi Chlár Síochána II an AE, moladh naoi dtionscadal i gcomhair maoinithe lena n-áirítear clár Malartaithe agus Riachtanais Oideachais Speisialta.

Straitéis: Creat Oibre agus Seirbhís um Chaidreamh Tionsclaíoch a Sholáthar

Creat Oibre agus Seirbhís um Chaidrimh Tionsclaíoch a Sholáthar

Oibríonn an tAonad Seachtrach Caidrimh Foirne creatoibre agus seirbhís caidrimh thionsclaíoch ar bhonn náisiúnta don earnáil oideachais.

Bhí ceist an chaidrimh thionsclaígh achrannach i gcónaí i scoileanna dara leibhéal. Choinnigh Cumann Meánmhúinteoirí na hÉireann (ASTI) ag iarraidh éilimh pá de 30% agus chuir iachall ar a mbaill tarraingt siar as aon chomhoibriú maidir le feidhmiú churaclam nua, siollabas nua agus clár nua. D'eisigh siad treoir ar a mbaill chomh maith tarraingt siar as maoirseacht agus ionadaíocht ag tosú ón 4ú Márta 2002. Bhain an treoir sin le maoirseacht ag tréimhsí brisidh agus roimh an scoil agus ina diaidh agus bhain sé le hionadaíocht i gcás múinteoirí buana a sheasann isteach do chomhghleacaithe a bhíonn as láthair. De bhrí go raibh an cosc sin ar mhaoirseacht b'éigean do na scoileanna a bhí buailte ag an treoir maoirseoirí seachtracha a earcú. Bhí na socrúite pá san earnáil laistigh de pharaiméadair an Chláir um Rathúlacht agus Cothroime.

Straitéis: Comhpháirtíocht agus Nua-Chóiriú a chur chun cinn in institiúidí oideachais faoi chúram na Roinne

Clár nuachóirithe ar fud earnáil an oideachais

Cuireann an Roinn forbairt Comhpháirtíochta chun cinn

go gníomhach in institiúidí oideachais a bhíonn dírithe ar athrú eagraíochta a éascú agus ar sheachadadh seirbhíse a fheabhsú. Rinne institiúidí oideachais forbairt ar phleananna nuachóirithe trí phróiseas comhpháirtíochta de réir na riachtanas a bhí leagtha amach sa Chlár um Rathúlacht agus Cothroime. Rinne Grúpa Deimhnithe Caighdeán ina raibh ionadaithe bainistíochta, ceardchumainn agus custaiméir/cliainnt measúnú ar an dul chun cinn. Fuair an Grúpa amach go raibh an dul chun cinn ó thaobh cuspóirí an chláir athchóirithe a bhaint amach tríd na hearnálacha ar fad ar chomhchéim le riachtanais an chláir. Bhí caiteachas iomlán an chláir comhpháirtíochta i 2002 ag €1.4 milliún.

Straitéis: Cur le comhoibriú idirnáisiúnta san oideachas

Gnóthaí AE/idirnáisiúnta

Oibríonn an Roinn go dlúth leis an AE maidir le saincheisteanna oideachais agus cláir mar Socrates agus Leonardo da Vinci a chur i bhfeidhm. Oibríonn an Roinn freisin leis an OECD, le Comhairle na hEorpa agus le UNESCO.

Le linn 2002, ghlac Airí Oideachais na hEorpa Dearbhú maidir le Comhoibriú Eorpach Feabhsaithe a Chur Chun Cinn sa Ghairmoideachais agus Oilíúint. Chuidigh an Roinn leis an dearbhú sin a chur le chéile.

Mar thoradh ar raon pléite a tharla níos luaithe, cheadaigh Dáil Éireann comhaontuithe oideachais leis an tSín agus leis an Mhalaeisia. Cuidíonn na comhaontuithe sin le córas oideachais na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain ar fad.

Próiseas Bologna

I Meitheamh 1999 shínigh na hAirí a raibh freagracht orthu as ardoideachas ó 29 tír san Aontas Eorpach Dearbhú Bologna. Seo a leanas roinnt de na cuspóirí a bhunaigh an Deabhrú:

- Glacadh le céimeanna a bheadh éasca le léamh agus comparáideach
- Glacadh le córas bunaithe ar dhá phríomhthimthriall d'ardoideachas
- Úsáid a bhaint as Aistriú Creidmheasanna na hEorpa le soghluaiseacht a chur chun cinn
- Comhoibriú sa réimse deimhnithe caighdeán.

Is í an príomhchuspóir atá ag an dearbhú ná Réimse ArdOideachais Eorpach a chruthú faoi 2010.

Bhunaigh an Roinn Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil le súil a choinneáil ar an dul chun cinn. Is é an chéad tasc a bheidh aige i 2002 agus 2003 ná Tuarascáil Náisiúnta a ullmhú, caineál cumarsáide laistigh den chóras Ardoideachais a oscailt agus cé mar a sheasfaidh Éirinn sna hullmhúcháin do Chomhdháil Idir Rialtas na nAirí atá freagrach as Ardoideachas.



Fócas - Clár Athruithe agus Athchóiriú Struchtúrtha



I Meitheamh 2001, d'aontaigh an Rialtas ar chlár athchóirithe struchtúrtha don Roinn. Tá an clár bunaithe ar na moltaí laistigh d'athbhreithniú an Uasail Seán Cromien. Is é an téama coitianta atá ann ná mar gheall go mbíonn an Roinn rannpháirteach in oibríocht shonrach a bhaineann le go leor gnéithe den chóras oideachais go bhfágann sin nach mbíonn mórán ama ag an Roinn le pleanáil fadthréimhseach ná forbairt polasaí a dhéanamh.

Moltaí Sonracha

D'aontaigh an Rialtas, ar bhonn prionsabail, leo seo a leanas:

- Coimisiún Scrúduithe Stáit a bhunú ar a n-aistreo faí an fhreagracht maidir leis na scrúduithe teastais a oibriú;
- Comhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta a bhunú ar a mbeadh dualgais maidir le soláthar taighde, sainchomhairle agus feidhmíochtaí oibríochta áirithe do mhic léinn a bhfuil míchumas ag dul dóibh;
- Gréasán oifigí réigiúnacha den Roinn a bhunú a bheadh ag tuairisciú chuig Stiúrthóireacht nua na Seirbhísí Réigiúnacha a bheadh lonnaithe laistigh den Roinn.

Feidhmiú

Theastaigh dian-idirbheartaíocht le sé ghrúpa ceadchumann difriúla a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann laistigh den Roinn má bhí an t-ollchlár athruithe seo le cur i bhfeidhm. Tugadh na cainteanna sin chun críche laistigh de thréimhse naoi mí agus cuireadh tuiscint chomhaontuithe i bhfeidhm.

An Coimisiún um Scrúduithe Stáit

Thosaigh na hullmhúcháin le Coimisiún um Scrúduithe Stáit a bhunú sa bhliain 2002, agus bunaíodh é an 6 Márta 2003. Is comhlacht reachtúil é an Coimisiún faoi Alt 54 den *Acht Oideachais 1998*, ina bhfuil státseirbhísigh agus sé Choimisinéir atá ceaptha ag an Rialtas. Ón scoilbhliain 2002/2003 beidh freagracht ar an gCoimisiún as an Teastas Sóisearach agus an Ardeistiméireacht a chur i bhfeidhm. Mar sin bíonn 2 mhiliún comhpháirteanna scrúduithe le marcáil agus 1 milliún grád le heisiúint i mí Lúnasa/Meán Fómhair.

Lena chinntiú nach gcaillfí amach ar aon bhealach agus an Coimisiún um Scrúduithe Stáit á bhunú, chiallaigh an plean feidhmithe comhaontaithe gur cuireadh breis foirne ar fáil do Bhrainse Scrúdaithe na Roinne agus cuireadh baill den Chigireacht ar fáil don chomhlacht nua.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Bunófar an Chomhairle mar chomhlacht reachtúil faoi Alt 54 den *Acht Oideachais 1998*, i 2003. Beidh Comhairle de thrí bhall déag i gceannas air, agus beidh leas speisialta nó eolas acu ar fad faoi oideachas leanaí a bhfuil míchumas ag dul dóibh.

I measc mhórfheidhmeanna na Comhairle beidh taighde a choimisiúnu agus a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le hoideachas leanaí a bhfuil míchumas ag dul

dóibh. Trí ghrád nua lucht Eagraithe Riachtanas Oideachas Speisialta a chur ag obair, cuirfidh an Chomhairle seirbhís dhíreach ar fáil do leanaí, do thuismitheoirí agus do sholáthróirí oideachais.

Tabharfaidh an Chomhairle faoina ról taighde agus comhairliúcháin ón uair a bhunófar í. Cuirfidh sí tús lena ról seirbhíse díreach i 2004.

Oifigí Réigiúnacha

Beidh oifigí réigiúnacha mar chuid thábhachtach den Roinn agus beidh siad á stiúradh ag Stiúrthóireacht na Seirbhísí Réigiúnacha a bheidh lonnaithe san ard oifig. Beidh na hoifigí réigiúnacha lonnaithe i gCorcaigh, i Luimneach, i bPort Láirge, san Uaimh, san Nás, sa Mhuileann gCearr, i Sligeach, i dTamhlacht, i bhFionnghlas agus i nGaillimh. Is pointe singil teagmhála iad na hoifigí réigiúnacha ó thaobh eolas agus comhairle a fháil faoina seirbhísí oideachais atá ar fáil i ngach ceantar. Oibreoidh na hoifigí go dlúth le soláthróirí seirbhísí eile.

Thosaigh an obair ar chóiríocht phraiticiúil agus socruithe foirne na n-oifigí seo i 2002 agus tá sé ag leanúint ar aghaidh go fóill. Osclófar roinnt oifigí réigiúnacha i 2003 agus an chuid eile acu i 2004.

An Scéal mar atá go Forleathan

Is cuid de chlár athruithe níos leithne laistigh den Roinn iad na mórfhorbairtí a rinneadh i 2002. Mar chuid den chlár leathan sin chomh maith cuirfear athruithe móra i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a ndéantar gnó. Tá Ionstraimí Achomhairc á gcur i bhfeidhm le deis a thabhairt dóibh siúd nach bhfuil sásta le cinneadh na Roinne a gcás a chur in iúl. Tá imeachtaí oibríochta mar fócaíocht pinsin agus párolla á mbogadh ón tsamhail earnálach (ranna ar leith ag láimhseáil párolla don bhunscoil agus scoil iarbhunoideachais) go dtí samhail lánpháirtithe (párolla amháin). Tá níos mó freagrachta á mbronnadh ar sholáthróirí oideachas rud a chiallóidh nach mbeidh an oiread gá le smachtbhannaí na Roinne. Ar deireadh, tá feabhas á chur ar chumas pleanála agus polasáí na Roinne atá níos lánpháirtithe ná mar a bhí roimhe seo.



Forbairtí Eagrúcháin



Straitéisí le cumas agus eagrúchán a bhuanú agus a neartú

Lean an Roinn ar aghaidh leis an gclár nuachóirithe leathan chun athchóiriú a dhéanamh ar a struchtúir agus cur le cumas eagrúcháin.

Acmhainní Daonna

I 2002, d'fhostaigh an Roinn breis is 1,300 duine i ngráid riarthacha, cigireachta, gairmiúla, teicniúla agus tacaíochta. Bhí na fostaithe sin den chuid is mó bunaithe in oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath, i mBaile Átha Luain agus i dTulach Mhór. Is iad seo a leanas na leibhéil fhoirnithe sna hionaid éagsúla:

Baile Átha Luain	454
Baile Átha Cliath	543
Tulach Mhór	197
Eile	161
Iomlán	1,355

I lár 2002, thángthas ar chomhaontú leis na ceardchumainn ionadaíochta maidir le hathstruchtúir na Roinne. Sa chéad chéim, iarradh iarratais ón fhoireann a raibh suim acu in aistriú taobhach nó in ardú céime chuig An Coimisiún um Scrúduithe Stáit, An Chomhairle

Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus chuig Oifigí Réigiúnacha.

Oiliúint agus Forbairt

Is príomhghné é Oiliúint agus Forbairt (T&D) chun cabhrú le foireann na Roinne na scileanna riachtanacha atá ag teastáil uathu chun a gcuid oibre a chomhlíonadh a fháil agus a fhorbairt. Déanann an tAonad Forbartha agus Oiliúint Foirne bainistiú ar eagrú agus ar sheachadadh deiseanna T&D do gach ball foirne agus soláthraíonn sé tacaíocht don fhoireann a bhíonn ag dul i mbun clár tríú leibhéal. I 2002, caitheadh os cionn €680,000, i.e. 4% den chaiteachas párolla ar na gníomhaíochtaí sin.

Le linn 2002, soláthraíodh 6,500 lá oiliúna don fhoireann ag gach leibhéal i réimsí ar nós theicneolaíocht an eolais, oiliúint i sainscileanna, forbairt phearsanta agus forbairt bhainistíochta. Leanadh le clár ionduchtaithe d'fhoireann nua a tosaíodh i bhFómhar 2001, agus leathnaíodh é sin le linn 2002. D'fhreastail an fhoireann ar chúrsaí agus ar sheimineáir chuí freisin cinn a sholáthair gníomhaireachtaí seachtracha.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin

Is é an cuspóir atá leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin (PMDS) ná bainistiú a dhéanamh ar fheidhmiúchán san obair agus ar riachtanais ghairme agus forbartha ag gach leibhéal sa Roinn. Is próiseas trichéime é ina bpléitear le pleanáil feidhmiúcháin, le bainistíocht feidhmiúcháin ar bhonn leanúnach agus le hathbhreithniú bliantúil ar fheidhmiúchán agus ar fhorbairt. Reáchtáil foireann oiliúnóirí na Roinne oiliúint don trí chéim de PMDS agus comhlánaíodh céimeanna 2 agus 3 ag deireadh 2002.

Comhionannas

Tá an Roinn tiomanta do thimpeallacht oibre dhearfach a sholáthar dá foireann ar fad agus a chinntiú go mbíonn prionsabal an chomhionannais mar bhonn taca ag a polasaithe acmhainní daonna.

Bhain an Roinn amach ceann de spriocanna comhionannais inscne an Rialtais cheana féin le 33% de phostanna phríomhoidí cúnta tógtha ag mná.

Polasaithe Oiriúnach don Teaghlach/ Cothromas ó thaobh obair-saol pearsanta

Lean an Roinn ag cur chun cinn raon roghanna oibre solúbtha don fhoireann:

- Roinnt Poist. Áirítear sna patrúin oibre atá ar fáil anois: seachtain ag obair/seachtain saor, seachtain dheighilte, maidineacha amháin, 3 nó 4 lá sa tseachtain. I 2002, bhain 147 den fhoireann leas as na roghanna éagsúla roinnt poist.
- Am téarma: I 2002, bhain 50 den fhoireann leas as an scéim phíolótach Am téarma.
- Saoire do Thuismitheoirí : I 2002, bhain 68 den fhoireann leas as saoire do thuismitheoirí.
- Sos gairme: I 2002, thóg 50 den fhoireann sos gairme.

Clár Athruithe agus Athchóiriú Struchtúrtha

Tá an clár athruithe agus athchóiriú struchtúrtha ina ábhar i gceann dar airteagail fócais.

Comhpháirtíocht

Tá comhpháirtíocht bunaithe laistigh den Roinn agus bíonn roinnt grúpaí oibre ag tuairisciú chuig an bpríomhchoiste. Bhain athbhreithniú ar an gcomhpháirtíocht a rinneadh i 2002 le dearcaidh scár mhór den fhoireann, den bhainistíocht agus de cheardchumann chun a léiriú conas a d'fhéadfaí comhpháirtíocht a úsáid níos éifeachtaí laistigh den eagraíocht. Tá béim ar thábhacht an chur chuige comhpháirtíochta sin freisin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta is deireanaí. I 2002, d'oibrigh fochoistí comhpháirtíochta ar chlár Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) dar gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Áirítear sna príomhthionscnaimh ó thaobh fheidhmiú plean gníomhartha QCS:

Rochtain ar Eolas

Seoladh láithreán gréasáin nua le hábhar dátheangach i

2002. Tá méadú tagtha ar an raon eolais a bhíonn ar fáil ar líne agus déantar aischur custaiméirí agus moltaí a chorprú i bhforbairt leanúnach an láithreáin.

Meastóireacht ar Sheirbhísí

Tá infheistíocht déanta ag an Roinn i gcóras meastóireachta teilefóin a sholáthraíonn staitisticí luachmhara ar líon na nglaoanna a bhíonn ag teacht isteach agus ag dul amach agus cuideoidh sé le seirbhís teileafóin níos fearr a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Rochtain Fhísiciúil

Mar chuid d'athfhorbairt Choimpléacs Shráid Mhaoilbhríde, tá feabhas curtha ar chaighdeán na n-ionad fáiltithe agus na seomraí cruinnithe.

Nósanna Imeachta Achomharc

Tá próisis neamhspleácha achomharc i réim anois do:

- Leithdháileadh Múinteoirí
- Córas Iompair Scoile
- Aitheantas do bhunscoileanna nua

Neartú Acmhainní Theicneolaíochta an Eolais agus Cumarsáide (ICT)

I 2002, comhlánaíodh obair air:

- Feidhmiú an infrastruchtúr líonra uasghrádaithe. Soláthraíonn an t-infrastruchtúr nua sin córais oifige níos fearr (r-phost, próiseáil focal etc) agus líonra a bhíonn níos sábháilte, níos iontaofa agus níos láidre.
- Tabhairt isteach uimhir PPS (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) mar an phríomhathiantóir do mhúinteoirí ar an mBunachar Sonraí Párolla do Mhúinteoirí Bunoidreachais.
- Tionscadal píolótach chun fardal a chruthú ar chóiríocht scoile i réigiún Chill Dara.
- Córas ar fud na Roinne bunaithe ar bhrabhsálaí chun Ceisteanna Parlaiminte a scaipeadh agus a fhreagairt.

Cur le r-Rialtas

Is iad na príomhfhorbairtí a bhain le r-Rialtas i 2002 ná:

- Feabhsuithe ar sheirbhísí ar líne Scrúduithe chun deis a thabhairt d'iarrthóirí Ardeistiméireachta iarratas a

dhéanamh ar athbhreithniú ar a gcuid torthaí agus chun deis a thabhairt d'iarrthóirí seachtracha iarratas a dhéanamh ar scrúduithe Ardteistiméireachta.

- Tús le próiseas chun comhpháirtí a roghnú chun oibriú le hAonad TE na Roinne chun seirbhísí ar líne breise a sholáthar.

Creat Oibre Airgeadais

Soláthraíonn an Roinn raon seirbhísí feidhmeanna airgeadais agus seirbhísí tacaíochta a chuireann taca faoi sholáthar seirbhísí oideachais. Feidhmeanna:

- Íocaíocht le múinteoirí agus le múinteoirí ar pinsean
- Íoc amach íocaíochtaí caipitlíochta le scoileanna sa bhunleibhéal agus sa dara leibhéal
- Deontais éagsúla eile agus íocaíochtaí aon uaire le scoileanna sa bhunleibhéal agus sa dara leibhéal
- Maoiniú na nInstitiúidí Teicneolaíochta
- Maoiniú an chórais scrúduithe sa dara leibhéal

Ina theannta sin, soláthraítear maoiniú i gcomhair raon leathan comhlachtaí agus seirbhísí eile, lena n-áirítear, seirbhísí óige agus ceantarbhunaithe agus na Coistí Gairmoideachas. Soláthraítear maoiniú an ardoideachais go díreach tríd an Roinn, é sin nó, tríd an Údarás um Ardoideachas.

Creat Oibre Bainistíochta Eolais

Tá feidhmiú Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS)/Córas Bainistíochta Eolais lárnach don phróiseas SMI agus éascófar leithdháileadh acmhainní, pleanáil, meastóireacht cláir agus cinnteoireacht éifeachtacha.

Tar éis próiseas meastóireachta sonraithe, roghnaíodh Oracle Financials mar FMS nua na Roinne. Síníodh an conradh le Coracle Consulting i nDeireadh Fómhair 2002 agus tosaíodh ar an obair go luath i mí na Samhna agus is é Iúil 2003 an spriocdháta i gcomhair feidhmiúcháin.

An tAcht um Phrasíocaíocht Cuntas

Ag teacht leis an Acht um Phrasíocaíocht Cuntas, chomhlíon an Roinn a freagracht reachtúil ó thaobh úis a íoc agus a thaifeadadh. I roinnt fíorbheag cásanna atá mionsonraithe thíos íocaíodh píonóis úis faoi réir Alt 4 den Acht.

Tuairisc	Méid
Luach Iomlán an Chaiteachais go léir	€5.3b
Líon Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	23
Luach Iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	€62,133
Méid an Úis íochta	€1,525

Aguisíní

Reachtaíocht

An tAcht Oideachais (Leas) 2000

Soláthraíonn an tAcht creat oibre inar féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar shaincheisteanna a bhaineann le leas oideachais leanáí lena n-áirítear na cúiseanna agus na héifeachtaí a bhíonn le maidhtseáil agus le fadhbanna freastal scoile go ginearálta. Soláthraíonn an reachtaíocht creat oibre reachtúil chun aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí a mbíonn míbhuntáiste oideachais mar thoradh orthu agus chun comhionannas deiseanna in oideachas a chur chun cinn. Rinneadh Ordú ón Aire i Márta ag cur tús le haltanna a bhaineann le bunú Bord Náisiúnta um Leas Oideachasúil agus tháinig gach alt eile a bhí fágtha ar lár i bhfeidhm go huathoibríoch ar an 5 Iúil 2002.

An Bille um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002

Achtaíodh an reachtaíocht seo in Aibreán 2002 agus ba é an feidhm a bhí leis ná struchtúr a chur ar bun chun dámhachtainí airgeadais a thabhairt chun cuidiú le téarnamh daoine a raibh cónaí orthu i bhforais Stát le linn a n-óige agus a d'fhulaing díobhálacha i gcomhar le mí-úsáid agus iad ina gcónaí ansin. Bunaíonn an tAcht Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe chun dámhachtainí a dhéanamh agus Coiste Athbhreithnithe um Fhorais Chónaithe mar chomhlacht achomhairc chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhámhachtainí.

An Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2002

Foilsíodh an Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2002 i Márta 2002. Is é an feidhm a bhí leis ná chun creat oibre reachtúil a sholáthar inar féidir a chinntiú go mbíonn ceart a fhorghníomhú sa dlí maidir le hoideachas leanáí agus oideachas daoine le riachtanais oideachais speisialta de bharr míchumais a bheith orthu. Ghlac an Bille cur chuige bunaithe ar chearta maidir le hoideachas agus cuirfidh sé ar chumas tuismitheoirí leanáí faoi mhíchumas a gcearta oideachais a fheidhmiú agus leagann sé amach réimse seirbhísí a chaithfear a sholáthar,

lena n-áirítear measúnuithe, pleananna oideachais aonair agus seirbhísí tacaíochta. Soláthraíonn an Bille do bhunú Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Cuireadh an Bille i láthair i Seanad Éireann agus chuaigh sé tríd gach céim roimh lánscor na Dála in Aibreán. Tar éis an lánscoir, bhí comhairliúcháin ar bun leis na grúpaí leasmhara éagsúla oideachais agus go háirithe leo sin le saineolas agus le spéis ar leith i riachtanais oideachais speisialta. Bhíodar ag leanúint leis na comhairliúcháin sin ag deireadh na bliana.

Aguisíní

Foilseacháin

Foilsíonn an Roinn raon leathan bileog eolais agus cáipéisí polasaí.

Seo a leanas liosta de na cáipéisí is minicí a hiarradh ón Roinn. Tá na cáipéisí ar fáil ón Aonad Cumarsáide, An

Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Teil: 01 8892388 (www.education.ie) agus/nó ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, Teil: (01) 6476000.

Ainm	Foinse
Ráiteas Straitéise 2001-2004	An tAonad Cumarsáide
Tuairisc Ghearr ar an gCóras Oideachais	An tAonad Cumarsáide
Plean Gníomhaíochta Ardchaighdeán Seirbhíse don Chustaiméir 2001-2004	An tAonad Cumarsáide
Treoir do Mhic Léinn Aibí	An tAonad Cumarsáide
An Chigireacht – Treoir Ghairid	An tAonad Cumarsáide
Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil	An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Tuarascáil Bhliantúil 2001	An tAonad Cumarsáide
An CURACLAM Bunscoile Foghlaim do Leanáí - Treoirlínte do Thuismitheoirí	An tAonad Cumarsáide
Liosta Iarbhunscoileanna	An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna	An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Siollabais Athbhreithnithe do Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta	An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais
Leabhrán Tacaíochta do Mhic Léinn Tríú Leibhéal	An tAonad Tacaíochta Mac Léinn agus An tAonad Cumarsáide

Aguisíní

Foilseacháin Chigireachta i 2002

Ainm	Foinse
Nós Imeachta maidir le hAthbhreithniú Cigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais 1998	An tAonad Cumarsáide
Fifty School Reports: What Inspectors Say	An tAonad Cumarsáide
Taighde agus Forbairt in Oideachas: Tionscadail 1994 – 2000	An tAonad Cumarsáide
Treoirlínte ar Oideachas don Lucht Siúil i mBunscoileanna	An tAonad Cumarsáide
Treoirlínte ar Oideachas don Lucht Siúil i Scoileanna Iarbhuideochais	An tAonad Cumarsáide

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta – Eagrú Feidhmeanna



Na Príomhchomhlachtaí Faoi Choimirce na Roinne

An tÚdarás um Ardoideachas

An Tríú hUrlár, Teach Marine
Cúirt Chlann Liam
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6612748

Léargas – An Bíuro Malartaithe

189/193 Sráid Parnell.
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8731411

An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Glas Naíon
Baile Átha Cliath 9
Teil: (01) 7008200

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe

24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6617177

An Chomhairle Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna

26/27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6314567

An Chomhairle Dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna

Plaza an Phointe Thoir
Lárionad Gnó an Phointe Thoir
Baile Átha Cliath 3
Teil: (01) 8659500

An Lárionad Náisiúnta do Threoir san Oideachas

1ú Urlár, 42/43 Sráid na Prúise
Baile Átha Cliath 7
Tel: (01) 8690715

An tSeirbhís Náisiúnta um Oideachas Síceolaíoch

An Ceanncheathrú Náisiúnta
Cúirt Frederick
24/27 Sráid Frederick Thuaidh
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8892700

An Coimisiún ar Riachtanais Chóiríochta Scoile

Urlár 1, Bloc 4,
Ionad Irish Life
Sráid Talbot
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 8787747

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann

5ú Urlár
Teach Jervis
Sráid Jervis
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 887 1500

An Bord Náisiúnta um Leas Oideachasúil

Lárionad Gnó Premier
11-15 Sráid na Teamhrach
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 2409408

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

22 Plás Mhic Liam
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 6340831

An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe

Bloc 5,
Páirc Oifigí Belfield,
Bóthar Chnoc na Feá,
Cluain Sceach,
Baile Átha Cliath 4.
Saorfón: 1800-200086

An Coimisiún um Scrúduithe Stáit

Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Contae na hIarmhí
Teil: (090) 6483600

Dámhachtainí an Uachtaráin - Gaisce

Tithe an Stáit,
Caisleán Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2
Teil: (01) 4758746

Teagmhálacha

Tá sonraí teagmhála d'oifigí na Roinne, do na príomhoifigí Cigireachta agus do na Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne ar fáil i gcuid Leathanach Glas Eolairí Teileafóin Eircom agus ar laithreán gréasáin na Roinne www.education.ie

Oifigí na Roinne /Aonaid/ Rannóga

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01) 889 6400

Oifigí an Aire Oideachais agus Eolaíochta

Oifig an Aire Stáit ag An Roinn
Oideachais agus Eolaíochta
An tArd-Rúnaí
Rúnaíthe Cúnta
Príomhchigire
An tAonad um Phleanáil Lárnach
NDP/ Cistí Struchtúrtha
An tAonad Cumarsáide
Seirbhísí Corparáideacha
Caidrimh Foirne Seachtracha
Saoráil Faisnéise
Ardoideachas (Ollscoileanna)
Ardoideachas (Coláistí)
Iniúchadh Inmheánach
Gnóthaí Idirnáisiúnta
Comhoibriú Thuaidh/Theas

Uilechuimsitheacht Shóisialta

Forbairt Inghairme
An Chigireacht
Riarachán Iarbhuioideachais
Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí
An tAonad um Shásamh i leith Foras
Cónaithe
Staitisticí
Gnóthaí don Óige
An tAonad Airgeadais
Córais TE
Breisoideachas

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
Teil: (090) 6483600

Scrúduithe (féach An Coimisiún um Scrúduithe Stáit sa chuid Oifigí Stát d'Eolaire Eircom 2004.

Múinteoirí Iarbhuioideachais
Riarachán Bhuioideachais agus Íocaíochtaí

Múinteoirí Bhuioideachais

Oideachas Speisialta
Pinsin Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Bóthar Phort Laoise
Tulach Mhór
Co. Uíbh Fháilí
Teil: (0506) 21363

An Chigireacht

Pleanáil & Tógáil
Riarachán Iarbhuioideachais
Córas Iompair Scoile
Tacaíocht Mac Léinn (Tríú Leibhéal/Iar-Ardeistiméireachta)

Príomhoifigí na Cigireachta

Oifig na Cigireachta

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Bloc 3
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
Teil: (01)889 6553

Oifig na Cigireachta

An Mhodhscóil
Ascall Uí Chonaill
Luimneach
Teil: (061) 315966

Oifig na Cigireachta

Promanáid Kempton
Sráid an Droichid
Sligeach
Teil: (071)91 43218

Oifig na Cigireachta

Foirgneamh Irish Life
1A South Mall
Corcaigh
Teil: (021) 4906011

Oifig na Cigireachta

Urlár 3
Teach Ross
Sráid na gCeannaithe
Gaillimh
Teil: (091) 568922



An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
An tAonad Bainistíochta Athraithe,
Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1.